EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

September 2020 | GA

## Cumarsáid le linn na géarchéime

Sa chuid dheireanach den tsraith seo, a léiríodh an babhta seo i bhFraincis, is í **Isabel Caño Aguilar**, Leas-Uachtarán ar CESE atá freagrach as an g**Cumarsáid**, a labhraíonn faoi iarmhairtí COVID. Déanann sí cur síos ar an gcaoi ar athraigh an phaindéim obair chumarsáide CESE sa mhéid is gur leagadh béim ar an dlúthpháirtíocht agus ar an tiomantas (mar a bheadh eochairfhocail ann) i ngach cuid d'obair an Choiste agus i ngach ceann dá dtionscnaimh, ag tosú le **Duais na Dlúthpháirtíochta Sibhialta 2020**. Dar leis an Leas-Uachtarán, "ní bheidh aon ghné den saol mar a bhí roimh an bpaindéim seo. Ar a shon sin, tá sé de fhreagracht orainn gníomhú chun an Eoraip a dhéanamh níos láidre. Sin é atá á éileamh ag saoránaigh na hEorpa orainn".

## Dessine-moi… (Tabhair cuntas dom…)

Tá deireadh sroichte ag an gcolún "Dessine-moi...". Cuireann na hailt dheireanacha sa cholún seo leis an gcnuasach saibhir de chuntais a bhíomar in ann a léamh ann ó thosaigh an phaindéim. Na cuntais sin ón gcroí amach a rinneadh feadh na tréimhse sin d'fhéinleithlisiú in aghaidh ár dtola, fágfaidh siad a rian orainn, spreagfaidh siad muid chun áilleacht daoine eile a fheiceáil, chun aird níos mó a thabhairt ar bhrí na beatha agus tuiscint níos fearr a fháil ar cé chomh tábhachtach atá sé an deis a thapú san am i láthair cibé áit a bhfuilimid.

Gabhaimid buíochas ó chroí leis na comhaltaí a bhí páirteach san eagrán deireanach seo den tsraith: **Claudine Otto, Giulia Barbucci, Laure Batut, Bente Sorgenfrey, Karolina Dreszer-Smalec, Dilyana Slavova, Renate Heinisch, Janusz Pietkiewicz, Jože Smole, Martin Siecker, Arnaud Schwartz**.

Thar ceann fhoireann iomlán CESE info, gabhaimid buíochas leis na 43 chomhalta as na 27 mBallstát a bhí fial flaithiúil lena gcuid ama agus lena gcuid cruthaitheachta le go mbeadh sé de phléisiúr ag ár léitheoirí

aithne a chur ar an taithí phearsanta agus mhothúchánach a bhí acusan ar an tréimhse dheacair sin a chuireamar dínn.

Available Languages:

ES BG CS DA EN DE ET FR EL GA HR IT LV LT HU MT
NL PL PT FI RO SK SL SV

# EDITORIAL

## Ní mór don tsochaí shibhialta breith ar an bhfaill atá ann chun bealaí nua a thriail le gaois agus le géire.

Is de dhlúth agus d'inneach na ré seo na claochluithe brostaithe éagsúla atá ag titim amach lena linn agus is léir dúinn a leochailí atá ár gcórais daonlathais, ár sochaithe agus ár bpláinéad.

Nuair a chuaigh mé i gceann oifige mar Uachtarán i mí Aibreáin 2018, is éard a bhí á thaibhreamh dom an uair sin ná go raibh orainn spiorad daonnach na hAthbheochana a aimsiú athuair chun dlús a chur lenár n-aistear ar an mbealach chuig Eoraip inbhuanaithe. I bhfianaise an vóta a caitheadh sa Ríocht Aontaithe ar son Brexit agus i ngeall ar na toghcháin Eorpacha a bhí romhainn amach, ba léir dom go raibh ról ríthábhachtach ag an tsochaí shibhialta chun an geilleagar a threorú i leith samhlacha níos inbhuanaithe agus níos cliste.

Agus deireadh ag teacht le mo théarma oifige an mhí seo, is féidir liom a rá gur léiríodh dúinn i ndáiríre a mhéid teacht aniar atá san Eoraip. Buadh ar na náisiúnaithe agus ar lucht an eoraisceipteachais i dtoghcháin an Aontais agus bhuail paindéim COVID-19 buille doshéanta ar a n-insint bhréige. Rinne an tAontas Eorpach bearta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana agus i gcás nithe a raibh sé de gheasa orainn gan baint leo roimhe sin, táimid tagtha ar athintinn fúthu le cúpla mí anuas óir is tábhachtaí ár saoránaigh agus ár bpobail a chosaint agus infheistiú a dhéanamh i straitéis láidir don todhchaí, rud a rinneamar le comhthoil nach bhfacthas roimhe sin ach oiread.

Murab ionann is riamh, is cinnte liom inniu gur bunchlocha de chuid na hAthbheochana atá le déanamh ar an Eoraip is ea na trí thosaíocht a chuir mé romham mar Uachtarán, mar atá an fhorbairt inbhuanaithe, an tsíocháin agus an cultúr.

Bíodh is gur gairm chun gnímh ar shlí a bhí sa phaindéim, bhí an t-athrú aeráide agus an adhaimsir le sonrú cheana féin le tamall roimhe sin. Deis ar leith atá i bplean téarnaimh an Aontais, a glacadh de thairbhe phaindéim COVID-19, chun tubaist ollmhór a sheachaint agus ceannaire domhanda i réimse na hinbhuanaitheachta a dhéanamh den Eoraip.

Tá deis ag an tsochaí shibhialta a bheith ar thús cadhnaíochta ina leith sin. Bhíomar ar an gcéad cheann d'institiúidí an Aontais a thug éisteacht do Greta Thunberg agus do na gníomhaithe aeráide óga a bhíonn i mbun agóidí sráide a reáchtáil agus iad ag achainí orainn cúrsaí a athrú láithreach bonn. Ba é CESE ba thúisce a chuir an geilleagar ciorclach agus samhlacha forbartha inbhuanaithe i bhfeidhm. Beidh ár dtoghlaigh, chomh maith leis na rialtais áitiúla, fós sa líne thosaigh ag iarraidh an plean téarnaimh a chur i bhfeidhm tar éis na paindéime agus iad a ar a ndícheall ag iarraidh an t-anord a sheachaint. Ní fada uainn anois an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus deis atá inti chun sinn a stiúradh i dtreo Eoraip nua i dteannta a chéile.

Dúirt Robert Schuman ina dhearbhú 70 bliain ó shin nach féidir an tsíocháin dhomhanda a chosaint gan iarrachtaí cruthaitheacha a dhéanamh atá inchurtha leis na contúirtí atá ag bagairt uirthi. Ní heol dúinn aon chríoch eile ar domhan ná aon ré eile sa stair inar mhair mná agus fir acu faoi shíocháin, faoi chobhsaíocht agus faoi rathúnas eacnamaíoch chomh fada sin; ná ní heol dúinn aon ré eile ina raibh oiread sin cinnteachta faoi shaoirsí agus cearta le sonrú agus atá i réim san Eoraip anois. Mar is eol dúinn uile, ní féidir linn ár maidí a ligean le sruth, áfach.

Tharla roinnt géarchéimeanna san am atá caite a chuir féachaint ar an Eoraip agus is amhlaidh sin don Eoraip níos mó ná riamh faoi láthair i ngeall ar an bpaindéim gan choinne seo nach bhfacthas a leithéid cheana. Ach táim cinnte de go bhfuil go leor fuinnimh agus cruthaitheachta againn a chuirfidh ar ár gcumas teacht slán, i dteannta a chéile, as seo athuair. Is mithid dúinn anois aghaidh a thabhairt ar an dúshlán.

Tá a ról féin le himirt ag Teach Ionadaithe na Sochaí Sibhialta Eorpaí, a cheiliúir 60 bliain ar an bhfód le déanaí, tráth atá acmhainneacht ann athuair chun díriú ar na nithe is tábhachtaí ar fad: a bheith sásta athruithe a dhéanamh agus bealaí a mholadh trínar féidir an Eoraip a thógáil "trí éachtaí nithiúla a chruthóidh dlúthpháirtíocht de facto ar dtús", mar a dúirt Schuman.

Tarlóidh an rEUnaissance seo ach fir agus mná a bheith sásta dul i bhfiontar na nuálaíochta, rún a gcroí a shamhlú, dul i mbun gnímh, dul san amhantar agus tuiscint choiteann ar an bhfreagracht a chothú, agus é de réasún iontu san am céanna bealaí nua a thriail le díograis, le gaois agus le géire.

**Luca Jahier**

**Uachtarán CESE**

# DIARY DATES

**6-7 Deireadh Fómhair 2020, an Bhruiséil, an Bheilg**
*Laethanta Fáilte do chomhaltaí nua CESE*

**27-28-29 Deireadh Fómhair 2020, an Bhruiséil, an Bheilg**
*Renew [Athnuachan] - seisiún iomlánach CESE*



# [KAROLINA DRESZER-SMALEC: "AN CORÓINVÍREAS: NA CEACHTANNA ATÁ FOGHLAMTHA AGAINN DÁ BHARR”]

I mí an Mhárta 2020, thosaíomar ag teacht ar an tuiscint nach géarchéim sláinte amháin a bhí i gceist le paindéim COVID-19 ach go mbeadh tionchar aige ar go leor gnéithe eile dár saol chomh maith. Ba léir freisin do chomhlachais agus do ghníomhaithe go mbeadh dúshláin nua romhainn agus muid i mbun ár ngnáthoibre. Mar a tharla, bhí sé níos measa ná mar a cheapamar go mbeadh sé.

I mí Bealtaine, d’eagraíomar “teacht le chéile fíorúil”. Tar éis dúinn dhá mhí a chaitheamh faoi dhianghlasáil agus ag obair ar líne, chinneamar teacht le chéile agus ár gcuid smaointe maidir le tréimhse na dianghlasála a phlé.

I gcomhar le comhghleacaithe ó Fhóram Eorpach na Saoránach, líonra trasnáisiúnta a thugann breis agus 100 cumann agus eagraíocht neamhrialtasach ó 27 dtír san Eoraip le chéile agus atá gníomhach ag dul i ngleic le saincheisteanna ar nós oideachas saoránachta, cosaint chearta an duine agus tacaíocht don daonlathas, chaitheamar cúpla uair an chloig agus muid i mbun díospóireacht theasaí. Cinnte bhí a dhearcadh náisiúnta féin ag gach duine, ach, ar deireadh, thángamar ar fad a bheag nó a mhór ar na conclúidí céanna.

Bunaithe ar an bplé sin, chuireamar na ceachtanna seo a leanas le chéile...
**Ceacht a haon: Tá ár slándáil féin ag brath ar shlándáil daoine eile**
Tá cúram sláinte uilíoch agus cosaint shóisialta uilíoch do gach duine inár sochaí agus ar fud an domhain ag teastáil uainn.

**Ceacht a dó: Táimid ar fad leochaileach agus tá dán an uile dhuine againn fite fuaite le chéile.**
Ní mór an caidreamh idirnáisiúnta agus saol laethúil na ndaoine a bheith bunaithe ar an ndlúthpháirtíocht, ar chomhionannas, ar chearta agus ar chomhbhá a bheith againn le chéile.

**Ceacht a trí: Tá a leithéid de rud ann agus an leas coiteann**
Ní mór d’institiúidí poiblí a bheith ag obair ar son an leasa choitinn, seachas ar son leasanna áirithe, agus caithfidh siad é a chosaint agus a chur chun feidhme.

**Ceacht a ceathair: Is é an daonlathas an chosaint fhrithvíreas is tábhachtaí atá ag teastáil uainn ar fad**
**Le feasacht na saoránach, rannpháirtíocht na saoránach, eolas ar féidir brath air, taighde agus oideachas poiblí mar aon le hinstitiúidí trédhearcacha is féidir an leas coiteann a chinntiú.**

**Ceacht a cúig: Theip ar chóras an mhargaidh dhomhanda**
**Ní mór dúinn an táirgeadh a athlonnú, an geilleagar ciorclach a chur chun feidhme agus ioncam bunúsach uilíoch a chur ar fáil do chách.**

**Ceacht a sé: Is sinn caomhnóirí an domhain, ní linn an domhan**
**Agus muid faoi dhianghlasáil, tá an tréimhse seo ag dul chun tairbhe an dúlra agus ag ligean dó teacht ar ais chuige féin tar éis an damáiste ar fad atá déanta againne. Ní mór dúinn ceartas comhshaoil a thabhairt ar ais ar fud an domhain.**


**Ceacht a seacht: Is iad na hoibrithe riachtanacha na fíorlaochra. Tá na mná ar thús cadhnaíochta**
Is gá aitheantas ó thaobh an ordlathais shóisialta de a thabhairt do mhná as a bhfuil déanta acu, ní mór dóibh siúd nach dtugtar aon aird orthu agus nach ndéantar aon ionadaíocht orthu a bheith in ann lántairbhe a bhaint as a gcearta.

**Ceacht a hocht: Caithimid cúrsaí a thógáil níos réidhe**
Chuir an t-ordú dianghlasála iallach orainn ár n-aird ar fad a thabhairt ar ár gcaidreamh, ar a bheith foighneach agus ar chomhbhá a bheith againn le chéile: ní mór dúinn leanúint orainn ar an gcaoi seo go deo.

**Ceacht a naoi: Tá slándáil an duine mar aon le slándáil shóisialta agus éiceolaíoch ag teastáil uainn**
Táimid tiomanta do théarnamh cóir agus d'aistriú cothrom inár dtír féin, san Eoraip agus ar fud an domhain.

**Ceacht a deich: Ní mór don todhchaí a bheith difriúil leis an am atá caite**
Ní ceart dúinn dearmad a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha againn ó na ceachtanna seo agus is gá dúinn gníomhú le chéile.

An bhfuil deis againn tuilleadh a fhoghlaim tar éis na géarchéime? An bhfuilimid in ann an ghéarchéim seo a chur chun deise dúinn féin?
Creidim go láidir go gcaithfidh an todhchaí a bheith difriúil leis an am atá caite.



## MARTIN SIECKER: NÍ MÓR DÍRIÚ I GCÓNAÍ AR AN TAOBH IS FEARR DEN SCÉAL!

Is rud úrnua é seo; is í seo an chéad phaindéim ar ghabh mé tríthi. Agus mé i mbun cuardach ar an idirlíon tháinig mé ar liosta de na deich bpaindéim is measa dar tharla riamh agus de réir an taighde sin ba í an phaindéim ba dheireanaí a bhuail an Eoraip roimh an gcoróinvíreas ná paindéim an Fhliú Spáinnigh in 1920. Cé go bhfuilim críonna, nílim chomh críonna sin!

Ós rud é go bhfuil galar scamhóige riospráide ainsealach ag cur ar mo pháirtí, má bhuailtear breoite í is róbhaol di toisc nach mór an fhrithsheasmhacht atá inti in aghaidh frídíní. Mar sin, bíonn an-leisce orainn aon teagmháil a bheith againn le daoine eile. Is saol nua é sin don bheirt againn. Bíonn sí á leithlisiú, dá deoin féin, i dtreo is nach dtolgfaidh sí an víreas. Agus is ormsa a thiteann sé anois tabhairt faoi chúraimí ba nós léi féin a dhéanamh roimhe seo, cuir i gcás an tsiopadóireacht a dhéanamh. Roimh an ngéarchéim, thugainn lámh chúnta di agus mé aon mhéadar taobh thiar di ag tiomáint an tralaí siopadóireachta fad a chuireadh sí a raibh uainn isteach ann. Ní mar sin don scéal a thuilleadh.

B’fhurasta an tralaí a thiomáint; ní bhíodh le déanamh agam ach mo pháirtí a leanúint fad a bhíodh sí ag líonadh an tralaí, agus mise ar mo mharana faoi conas ab fhearr a d’fhéadfaí feabhas a chur ar an domhan. Ós rud é gur mise a bhíonn á líonadh anois, tá breith agus dhá rogha, nó trí, agam, agus fágtar i mo staic go minic mé faoi strus. Cé go bhfuil caife scríofa ar an liosta siopadóireachta, tá na dosaenacha saghsanna romham ar na seilfeanna agus dar liom gur beag i ndáiríre atá eatarthu. Meas tú cén páipéar leithris atá uainn – páipéar leithris aondualach, dédhualach, trídhualach nó ceathairdhualach fiú amháin? Níor nós le mo bhean chéile aon mhoill a dhéanamh: bhí a fhios aici ar an toirt cén táirge a bhí uaithi agus cá dtiocfadh sí air. Is geall le cathair ghríobháin é an t-ollmhargadh, dar liom; is é an t-aon áit nach dtagann strus orm ná an pasáiste ina bhfuil an bheoir ar díol. Cuirim uaireanta an chloig amú sna pasáistí eile agus mé i ngalar na gcás.

Chuir freagairt thosaigh mhuintir na hÍsiltíre i leith na paindéime iontas orm. D’athraigh siad a nósanna d’aon toil agus de mheon dlúthpháirtíochta. Ar an drochuair, i gcás buíon bheag daoine - dream gan mhaith gan náire - fuaireamar amach go raibh siad chomh luaineach leis an ngaoth agus laistigh de roinnt seachtainí bhí a gcuid dlúthpháirtíochta scaoilte le gaoth acu. Níor chloígh na daoine sin a thuilleadh leis na rialacha agus chuir siad an milleán ar an rialtas á mhaíomh go raibh an bonn á bhaint dá gcearta bunúsacha agus teorainn á cur lena gceithre shaoirse. Mar sin, ar mhaithe lena gceart doshannta chun cóisir a reáchtáil, agus ó bhí oiread sin oilc orthu chuige, thóg siad cásanna dlí i gcoinne an stáit!

A bhuí le Dia, tá cónaí orainn san Eoraip, áit a bhfuil an daonlathas agus an smacht reachta sách slán go fóill (i bhformhór na mballstát ar aon chuma) agus áit a bhfuil córas cúraim sláinte maith go leor i gcomparáid le codanna eile den domhan. Ag féachaint dúinn ar an gcaoi a gcuireann na hathruithe sóisialta a tharla de dheasca an víris isteach ar na glúnta éagsúla, is léir gurb é an t-aos óg, i ngeall ar a aois, is mó atá thíos leo. In aois do naoi mbliana déag, táthar ag súil leis go dtosóidh tú ag siúl amach le daoine eile, go gcuirfidh tú eolas ar do ghnéasacht féin agus go dtitfidh tú i ngrá. Le linn paindéime, áfach, cuirtear teir is toirmeasc ar

dhaoine barróg a bhreith ar a chéile, gach trácht ar aon ní eile. Goilleann a leithéid sin go mór ar dhaoine óga agus fágtar iad lán de mhianta gan sásamh.

Is í an cheist is mó atá le réiteach ná conas an geilleagar a tharrtháil. Borradh a chur faoin ngeilleagar de réir an phrionsabail ‘gnó mar is gnách’ a luaithe a bheidh an phaindéim faoi smacht? Nó an deis seo a thapú chun cúl a thabhairt don chóras seo a bhfuil forlámhas ag monaplaithe canablacha air agus iompú i dtreo samhail chuimsitheach ina mbeadh tionscnaimh inbhuanaithe, ar mhionscála ar siúl taobh le gníomhaíochtaí gnólachtaí móra freagracha? An rogha idir an gnó mar is gnách nó ár n-iompar róghéilliúil a chaitheamh uainn, sin é a chinnteoidh cén chonair a bheidh romhainn, i bhfocal eile, pé acu an dtiocfaimid slán nó an bhfágfar sinn i mbaol ár ndíothaithe, ar seachrán i nduibheagán an léirscriosta.

Bainigí sult as saoire an tsamhraidh agus ná ligigí an fhaill tharaibh chun marana agus machnamh a dhéanamh agus, i gcás cuid agaibh, chun aithrí a dhéanamh!

---



## JOŽE SMOLE: "TIOCFAIMID SLÁN AS AN NGÉARCHÉIM AGUS BEIMID AONTAITHE AGUS LÁIDIR, MURAB IONANN IS RIAMH”

Bhí cás romhainn nár theagmhaigh linn riamh roimhe sin. Gan choinne bhí an víreas inár measc agus bhí sé ag leathadh leis ar luas lasrach, rud a thug orainn an tír ar fad a chur faoi choraintín iomlán. Ó tharla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, níorbh eol dúinn conas déileáil leis ar an mbealach ab éifeachtaí. “Cad eile atá romhainn?”, a d’fhiafraíomar dínn féin. Ag an tús bhíomar sceimhlithe agus gan ar ár gcumas dada a dhéanamh faoi. Maidir le cúrsaí gnó, thit gach plean don bhliain reatha (2020) as a chéile ar an toirt, agus mar gheall ar a éiginnte a bhí an scéal, bhí cuid mhaith éiginnteachta ann chomh maith i dtaca leis na pleananna uile a bhí beartaithe don todhchaí.

Is é an cheist a bhí á cur againn uile orainn féin ná: cad eile a bhí romhainn? Conas ba chóir dúinn gníomhú sa saol nua seo: coraintín i bhfeidhm mar aon le leithlisiú iomlán agus gan a fhios againn ó thalamh an domhain cathain a thiocfadh deireadh leis? Na hábhair imní agus na húdair bhuartha ba mhó a bhí ag déanamh tinnis dúinn, is éard ba chúis leo ná nárbh fhéidir dúinn a thuar cad a tharlódh ina dhiaidh sin. B’amhlaidh sin do lucht gnó freisin: bhí an imní chéanna orthu. Is éard a bhí uathu go léir ná go n-inseoimis dóibh cé chomh fada is a mhairfeadh an staid sin, conas a rachadh an rialtas i ngleic léi agus cén cineál cúnaimh a bheadh ar fáil dóibh. Cheana féin, ag céim an-luath, ba léir nár mhar a chéile dúinn uile: i gcás earnálacha eacnamaíocha áirithe, amhail an turasóireacht agus an lóistíocht, creachadh agus milleadh a bhí i ndán dóibh de dheasca na géarchéime, ach i gcás earnálacha eile, amhail earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus tionscal an bhia, tháinig deiseanna agus dúshláin nua chun cinn.

Cé nach raibh an rialtas rófhada ar an bhfód, bhí an t-ádh linn gur thug sé aghaidh go tapa agus go leordhóthanach ar an éigeandáil agus chuir sé sinn i mbun cláir ghníomhaíochta, cláir thacaíochta, dreasachtaí etc. a dhréachtú. Chun na críche sin, bhí teagmháil dhíreach chomhsheasmhach againn le líon mór dár mbaill ó earnálacha éagsúla, ionas go mbeimis chomh heolach agus ab fhéidir ar an staid mar a bhí

in earnálacha aonair, ionas go bhféadfaimis an oiread smaointe a bhailiú agus ab fhéidir faoin gcineál cabhrach ab éifeachtúla, agus ionas go bhféadfaimis faisnéis a sholáthar d'ionadaithe ón rialtas.

Is éard is mó a mhothaím uaim ná an chumarsáid phearsanta le daoine agus an teagmháil dhíreach leo. Is é fírinne an scéil gur ar líne, a mhéid is féidir, a dhéanann daoine cumarsáid le chéile le linn na tréimhse seo, agus gur beag cumarsáid a dhéantar ar bhonn pearsanta. An borradh ollmhór a tháinig ar an digiteáil i réimse na cumarsáide leictreonaí i measc gnólachtaí, idir an stát agus gnólachtaí, agus leis an bpobal agus leis na húsáideoirí, is féidir a áitiú go bhfuil sé ar cheann de na tairbhí is mó a bhaineann le COVID-19.

Is follas anois gurb é is tábhachtaí ná go mbeadh an dea-eagar le sonrú ar na saoránaigh agus an féinsmacht á chleachtadh acu, rud a chinnteoidh go nglacfaidh siad agus go n-urramóidh siad na treoracha agus bearta, óir ní féidir déanamh dá gceal agus sinn sa tóir ar na réitigh chearta.

Tarlóidh go leor athruithe in go leor réimsí de thoradh COVID-19; níl séanadh air sin. Mar sin féin, níl a fhios againn fiú cá fhad a mhairfidh eipidéim COVID-19, ná níl a fhios againn ach oiread an amhlaidh, i ndiaidh na heipidéime, a thosóimid ar na tréimhsí idir tonn amháin de COVID-19 agus an chéad tonn eile a chomhaireamh, óir ní bheimid in ann bheith réidh leis an víreas go huile is go hiomlán. Tá comharthaí sóirt na géarchéime le sonrú i ngach réimse, ó earnálacha an oideachais agus na sláinte go dtí na hearnálacha airgeadais agus eacnamaíocha, gan ach an méid sin a lua. Níl a fhios againn conas mar a bheidh cúrsaí nuair a thiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim nó cé mhéad cur isteach a dhéanfar ar an ngeilleagar.

Is mó athrú a tharlóidh nach léir dúinn faoi láthair; dá bhrí sin, ní ceart dúinn a bheith ag fiafraí dínn féin cé na poist a ghearrfar. Ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh ár ngnólachtaí agus ár bpoist chomh hiomaíoch agus is féidir nuair a bheidh an ghéarchéim seo thart. Ní le státchabhair amháin a dhéanfaimid amhlaidh ach trí oideachas leanúnach ar gach leibhéal a chur ar fáil freisin.

Is léir dúinn tar éis an ama a thugamar ár leithlisiú féin nach leor dul i muinín na cumarsáide digití in áit teagmháil phearsanta a dhéanamh le daoine, pé acu a bhaineann sin leis na scoileanna, le daoine atá i mbun gnó nó le gníomhaíochtaí eile. Dá bhrí sin, is é an sprioc atá againn, ní nach iontach, ná dul i muinín na cumarsáide pearsanta le daoine athuair, laistigh dár gcomhlachas agus leo siúd go léir lena ndéanaimid cumarsáid faoi láthair trí uirlisí ar líne.

---



## JANUSZ PIETKIEWICZ: SEIRBHÍSÍ LEASA GHINEARÁLTA AGUS AN PHAINDÉIM

Bhí an Feabhra thart agus an Márta linn, bhí grúpaí staidéir i mbun oibre agus díospóireachtaí ar siúl, agus bhíomar ag glacadh páirt i bhféile *Martenitsa* a bhí á ceiliúradh ag ár gcairde Bulgáracha, mar a dhéanaimid gach bliain an tráth sin den bhliain. Bhí bráisléid thanaí de shnáitheanna bréadaithe dearga agus bána á gcaitheamh againn agus babóga beaga ceirteacha déanta as olann á dtabhairt dá chéile againn mar chomhartha áidh. Bhí sé le brath go raibh an t-earrach ar an tairseach agus bhí dóchas

againn. Ghuíomar gach rath ar a chéile don chuid dheireanach de théarma oifige cúig bliana CESE.

Níor lig an nádúr dúinn aon bhaint a bheith againn leis an mbagairt a d’fhéadfadh an víreas a bhí ag scaipeadh san Áise a dhéanamh dár saol dea-eagraithe anseo i lár na hEorpa. Is fíor go raibh comharthaí agus rabhaidh thromchúiseacha ag teacht chugainn ó dheisceart na hEorpa cheana féin, ach bhí orainn imeachtaí na n-institiúidí Eorpacha a chosaint ón bpaindéim. Agus, ar aon nós, mar a bhí á rá mar ábhar magaidh ag ár gcomhbhádóirí ar an taobh thall den Danóib, b’fhéidir nach dteastódh i ndeireadh na dála ach beagán leighis baile – i.e. biotáille nó rakia *Martenitsa*. Dar ndóigh, tugadh an chluas bhodhar dóibh siúd a d’iarr seomraí cruinnithe a dhí-ionfhabhtú, ach tugadh le tuiscint dúinn i gcónaí go raibh súil ghéar á coinneáil ar an mbaol agus b’fhaoiseamh dúinn sin a chloisteáil.

Dé Céadaoin, an 11 Márta, bhí mé fós ag plé moltaí maidir le plean infheistíochta d’Eoraip inbhuanaithe i ngrúpa staidéir ECO/505. Sna rannóga, d’ullmhaíomar pleananna gníomhaíochta agus chuireamar ár gcéad turas eile in áirithe, ach ansin go tobann, seachtain ina dhiaidh sin, thit an tóin as an saol. *An Dianghlasáil !* An t-aon chomparáid a thagann liom is ea traein ina mbrúitear go tobann ar na coscáin, agus go léimeann spréacha agus splancacha dearga amach ó bhun na rothaí.

Ní raibh súil ar bith ag éinne leis na bearta sriantacha a bhí ag éirí níos déine in aghaidh an lae. Cuireadh an saol bunoscionn thar oíche. Ba shúnámaí síceolaíoch a bhí ann, rud neamhghnách, agus mar a déarfadh an file Ildefons Gałczyński, “brón ag dul tríd an aigne”. Ba chúis iontais é go raibh gá fanacht sa bhaile agus go raibh eagla ar dhaoine. Bhí a lán ceisteanna againn faoin gcaoi le cabhair nó táirgí riachtanacha a fháil; bhí orainn smaoineamh as an nua ar ár gcuid nósanna.

Ní raibh súil ar bith agam leis nach bhfillfinn ar an mBruiséil go dtí mí an Mheithimh, mé ag taisteal sa charr ar na mótarbhealaí folmha, toisc nach raibh aon eitiltí ag imeacht go fóill. Is cuimhin liom nuair a phriontáil mé mo “cheadúnas” taistil a fuair mé ar ríomhphost ón ardrúnaí – *laissez-passer COVID-19* a eisíodh an 29 Bealtaine 2020 i gceithre theanga agus a raibh stampa mór ciorclach air. Barántas a bhí ann nach mbeadh orm dul ar coraintín.

Ar eagla na heagla, chuir mé glaoch gutháin ar oifigí na n-údarás sláinte sna réigiúin sin den Ghearmáin a mbeadh orm dul tríothu. An 8 Meitheamh sa Bhruiséil, ghlac mé páirt sa chéad chruinniú hibrideach ag grúpa staidéir ECO/510 agus, ina dhiaidh sin, sa seisiún iomlánach an 10 agus 11 Meitheamh.

Bhí na meáin phoiblí agus shóisialta breac cheana féin le tuairimí agus teachtaireachtaí amhrais maidir le cé i ndáiríre a samhlaíodh a chruthaigh an víreas. Is mór an trua nár tháinig as, ar feadh tamaill ar a laghad, mórshaothar comhaimseartha ar nós *Decameron* na 14ú haoise le Giovanni Boccaccio nó úrscéal Albert Camus *La Peste* ón mbliain 1947, dhá shaothar a léiríonn go fírinneach na laigí atá i nádúr an duine agus an cine daonna ag troid i gcoinne galair.

Maidir leis an taithí ar an dianghlasáil dhomhanda agus an rabhadh go mbrisfeadh ráig eile de SARS-CoV-2 amach, anois agus an fliú geimhridh ar na bacáin freisin – lena bhfaigheann a lán daoine bás gach bliain in a lán tíortha, fiú níos mó ná atá ag fáil bháis le COVID-19 faoi láthair – smaoinigh mé ar an gciall atá le “seirbhísí leasa ghinearálta”, a bhfuil neamart á dhéanamh iontu le fada.

Léirigh paindéim COVID-19 an ról thar a bheith tábhachtach agus cobhsaí atá ag soláthraithe na seirbhísí sin ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus Eorpach. Tuigeann an earnáil shóisialta faoi dheireadh go bhfuil ról ríthábhachtach aici mar chnámh droma shamhail shóisialta na hEorpa agus go bhféadfadh an earnáil sin

cabhrú le téarnamh dearfach an gheilleagair faoi chuimsiú *Next Generation EU* agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Le linn na géarchéime chinntigh na seirbhísí fuinnimh agus uisce, na seirbhísí dramaíola agus an t-iompar poiblí gur lean roth mór an tsaoil ag casadh agus go raibh seasmhacht inár bpobail. Tar éis an tsaoil, gan an infheistíocht a rinneadh roimhe seo sna hearnálacha sin, ní fhéadfaí déileáil leis an ngnáthshaol, m.sh. cithfholcadh na maidine a ghlacadh, caife a dhéanamh nó dul chun na hoibre nó chuig an ospidéal in am. Baineann sé seo freisin le saincheisteanna cúraim sláinte, leis an gcúram do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta. Gan nósanna imeachta bainistithe géarchéime, nó gan tacaíocht an phobail agus tuiscint na bpolaiteoirí a bheith ag na seirbhísí leasa ghinearálta, ní fhéadfadh an gnáthshaol bogadh ar aghaidh.

Ar an gcaoi chéanna, is gá amharc ar réimsí tábhachtacha an oideachais, an taighde agus an chultúir i gcoitinne, sula dtosaímid ag clamhsán faoi na deacrachtaí a bhí againn le linn na géarchéime.

---



## GIULIA BARBUCCI: BHÍ GUTH NA GCEARDCHUMANN NÍOS LÁIDRE SNA MÍONNA A CHUAIGH THART NÁ MAR A BHÍ RIAMH

An 11 Márta, d’fhill mé ar an mbaile sa Róimh. Bhí atmaisféar trom míshuaimhneach ann; bhíothas tosaithe ar líon na mbásanna a chuntas i dtuaisceart na hIodáile. Tháinig m’iníon Ilaria ar ais as Milano, áit a bhfuil sí ag staidéar, agus tá Miriam, an t-iníon is sine agam, ina cónaí agus ag obair in Barcelona, agus bhí an-imní uirthise.

An oíche úd sin, d’fhógair an Príomhaire Conte go mbeadh ar an tír iomlán dúnadh. Sna limistéir “dhearga” sa tuaisceart, bhí bac ar thaisteal cheana féin agus bhí na daoine sna limistéir sin faoi dhianghlasáil.

Dúnadh na scoileanna, cuireadh an craobhchomórtas sacair agus na gníomhaíochtaí spóirt/caithimh aimsire ar fionraí, agus cuireadh cosc ar chuairt a thabhairt ar othair sna hospidéil agus sna hinstitiúidí sláinte. Ní raibh cead a thuilleadh taisteal ar na córais iompair phoiblí ná phríobháidigh agus cuireadh stop le haon ghníomhaíochtaí táirgthe nach raibh riachtanach.

Bhí an Iodáil faoi néal fíoraisteach. Mearbhall, eagla: shílfeá go raibh an víreas ag scaipeadh gan stad gan staonadh agus nach bhféadfaí é a stopadh.

Bhí dhá íomhá a léirigh cruatan na haimsire sin: an scuaine fhada d’fheithiclí míleata in Bergamo a d’iompair taisí na marbh amach as an réigiún mar nach raibh a thuilleadh spáis fágtha sna reiligí agus an íomhá chumhachtach den Phápa Proinsias ag guí i gCearnóg Naomh Peadar agus an áit bánaithe, an 28 Márta, íomhá a craoladh ar fud an domhain ar an teilifís.

Chuaigh ceardchumainn na hIodáile i mbun oibre láithreach i gcomhar leis an rialtas chun a chinntiú go gcosnófaí gnólachtaí riachtanacha a chaithfí a choinneáil ar oscailt le go mbeadh táirgí riachtanacha sna hollmhargaí agus cógais sna cógaslanna. Níor stad na ceardchumainn den obair riamh, iad ag tabhairt tacaíocht dóibh siúd a chaill a bpoist, ag iarraidh teacht ar chomhaontuithe le lucht gnó chun an chianobair a chur chun cinn, agus chun tacaíocht ioncaim a ráthú, toisc an t-ioncam ag éirí éiginnte.

Bhí cúrsaí sna hospidéil imithe as smacht: ní raibh aon leapeacha fágtha, bhí na hionaid dianchúraim faoi bhrú mór, mar aon leis na hoibrithe sláinte: na haltraí, na dochtúirí, na póirtéirí, a raibh orthu fanacht i bhfad ón mbaile ar coraintín, iad ag obair gan sos, faoi bhrú mór síceolaíoch agus iad ag cabhrú le daoine a bhí ag fáil bháis gan a gcairde agus a muintir ina dteannta chun sólás a thabhairt dóibh.

An tráth sin, dúramar go léir nach ndéanfaimis dearmad choíche ar an rud a tharla. Anois déanaimid iarracht bogadh ar aghaidh, ach níl an ceann is fearr faighte againn ar an víreas go fóill: tá ráigeanna beaga agus móra ag briseadh amach i dtíortha éagsúla san Aontas, agus tá ar gach tír déileáil leo ar a bealach féin. Is go díreach anois nuair is ceart don Aontas Eorpach, a bhuí leis an iarracht mhór eacnamaíoch atá déanta aige ar son na mBallstát go léir, gníomhú go dlúth trí iarrachtaí na mBallsát aonair a chomhordú, is anois a thuigimid cé chomh deacair agus atá sé sin a dhéanamh fós. Ach ní bhfaighimid an bua sa chath seo agus sinn ag troid inár n-aonar.

Bhí guth na gceardchumann níos láidre sna míonna a chuaigh thart ná mar a bhí riamh. Ní coincheap teibí an ceardchumann, ach na hoibrithe a thugann le fios don tír na héilimh chuí ar chothromaíocht shóisialta, dínit agus meas. Iad siúd a chonaic an chaoi a bhfuil rudaí dáiríre sna hospidéil, sna tithe altranais, sna siopaí, maidir le glantachán, iompar, sna gnólachtaí sin a sháraíonn na bunchearta sláinte agus slándála ag an obair, is iad na daoine sin atá in ann a rá linn an chaoi leis an tsamhail eacnamaíoch agus shóisialta a athrú, samhail a bhfuil teorainn léi agus a chuirfidh todhchaí na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh i mbaol.

Sin a theastaíonn uaim do mo dhá iníon, Ilaria atá ag staidéar in Milano agus Miriam atá ag obair in Barcelona: saol a bheidh in oiriúint dóibh agus a bheidh inmharthana ar leibhéal eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta.

---



## DILYANA SLAVOVA: IS ÉARD A D’FHOGHLAIM MÉ DE THORADH COVID-19 NÁ GAN NA SPRIOCANNA ATÁ CURTHA ROMHAM AGAM A CHUR AR AN MÉAR FHADA

De thoradh na paindéime d’éirigh teorainneacha na mBallstát feiceálach athuair, uaireanta fiú tharla sin i gcás teorainneacha laistigh de Bhallstáit áirithe. Seans go gceapfaí, dá bhrí sin, gur lú an scóip a bheadh ann le haghaidh comhar trasnáisiúnta idir na réigiúin agus na cathracha. Ach is é a mhalairt ar fad a tharla i ndáiríre.

Mar sin, cén chaoi ar chuir daoine sa Bhulgáir an t-am síos le linn na dianghlasála? Ó mo thaobhsa de, is duine bríomhar fuinniúil mé agus is aoibhinn liom a bheith amuigh faoin aer, rud a d’fhág gur dheacair liom an t-am a chur thart. Is iomaí srian a cuireadh ar mhuintir na tíre. Bhí orainn fanacht sa bhaile agus ní fhéadfaimis dul amach ach amháin le linn uaireanta oscailte na siopaí riachtanacha chun bia, cógais nó earraí tí a cheannach. B'éigean dúinn an scaradh sóisialta (>1.5 m) a chleachtadh agus sinn ag siúl sna siopaí nó lasmuigh díobh. Bhí sé sách casta mar chóras: aon uair a d’fhág tú cathair Shóifia, bhí ort foirm a líonadh amach inar ghá an chúis a bhí leis an turas a lua chomh maith leis an áit ina raibh tú ag dul. Bhí ort í a thaispeáint do na póilíní arna iarraidh sin ort.

Is é an dea-thoradh a bhí ar an ngéarchéim ná go ndeachaigh spleáchas mhuintir na tíre ar dhreamanna eile i laghad agus gur mhó a mbuíochas agus a mbrath ar bhia áitiúil, ar sholáthraithe áitiúla agus ar shlabhraí soláthair bia gairide. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar bhia ó fheirmeacha agus ar bhia a cheannaítear go díreach ó shaothraithe. De thoradh tionscnaimh ar an leibhéal áitiúil tá an gharraíodóireacht agus táirgeadh glasraí agus luibheanna ar scála beag á gcur chun cinn.

Tá margaí oscailte don phobal i gcónaí. Is ionad traidisiúnta iad sin chun bia, síolta, síológa glasraí, torthaí agus glasraí agus bláthanna a dhíol. Trí iad a fhágáil ar oscailt – agus na bearta diana sábháilteachta a urramú – cuidíonn sin dúinn filleadh ar an saol mar a bhí agus ár ngnáthaimh a chaomhnú.

Sna ceantair sléibhe bhí grúpaí áitiúla gníomhaíochta an-ghníomhach freisin. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt le linn na paindéime do tháirgeoirí áitiúla bia a saothraíodh sa bhaile, tá na grúpaí sin i mbun teagmhálacha úsáideacha a bhailiú agus a roinnt ar a suíomhanna gréasáin.

Go deimhin, d’fhonn na srianta éagsúla taistil agus teagmhála a urramú, b’éigean dúinn cuid mhaith de na cruinnithe agus de na himeachtaí fisiciúla a bhí beartaithe ag an eagraíocht a bhfuilim i mo bhall de a chur ar ceal, d’ainneoin go bhfágann na cruinnithe agus na himeachtaí fisiciúla sin de ghnáth gur fusa tionscnaimh chomhoibritheacha a bhunú agus torthaí na hoibre sin a scaipeadh. Mar sin féin, níor chuir na srianta sin stop lenár ngníomhaíochtaí – níor chuir ná é! Táimid ag leanúint de bheith ag obair i gcomhar le chéile go héifeachtúil chun réigiúin sléibhe a dhéanamh níos láidre, ní áirím chun iad a dhéanamh níos athléimní ná riamh. I gcásanna áirithe, chuireamar ár bpleananna oibre in oiriúint de réir mar ba ghá agus tá réitigh choiteanna á bhforbairt againn anois chun cabhrú le réigiúin agus cathracha leochaileacha san Aontas Eorpach déileáil níos fearr leis an éigeandáil reatha.

*Chuireamar tús le “Giving a hand” [Lámh chúnta a thabhairt], ardán atá dírithe ar an dlúthpháirtíocht a chothú i gceantair thuaithe.* Cuireann an t-ardán an dlúthpháirtíocht idir daoine chun cinn agus nascann sé daoine a bhfuil cúnamh de dhíth orthu le hoibrithe deonacha atá toilteanach “lámh chúnta a thabhairt” i ndáiríre. I dtaca leis na gníomhaíochtaí reatha atá ar siúl faoina choimirce, tá siad dírithe ar chúnamh a thabhairt do dhaoine leochaileacha, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta lena gcuid siopadóireachta nó le cúram baile (seachas le cúram pearsanta) agus ar fheighlíocht leanaí a shocrú do thuismitheoirí a mbíonn orthu dul amach ag obair agus nach féidir leo teacht ar réiteach eile dá leanaí.

Tá rath agus rathúnas ar a lán tionscnaimh eile i gceantair thuaithe agus sléibhe, rud a thugann léargas ar an teacht aniar atá le fáil sna pobail seo agus ar mhothú láidir an chúnaimh fhrithpháirtigh atá i réim iontu. Is éard a d’fhoghlaim mé le linn an ama seo, más ea, ná nár chóir dom na spriocanna atá curtha romham agam a chur ar an méar fhada! Nuair a bhíonn saol crua ann is fearr beart a dhéanamh.



# CLAUDINE OTTO: NÍ MÓR SMAOINEAMH AR NÍOS MÓ NEAMHSPLEÁCHAIS Ó THAOBH DOMHANDÚ A BHEITH ANN AR AN LEIBHÉAL EORPACH.

Ón uair a fógraíodh an dianghlasáil, ní raibh duine ná deoraí le feiceáil ar na sráideanna. Is é an ciúnas an rud is mó a thugtar suntas dó. Bhí deireadh leis an sciuird reatha chun na hoibre, leis an taisteal thar lear le haghaidh cruinniú dhá uair an chloig, le glór na mbonnán sa chathair, le feitheamh ar bhus nach dtagann... Dála go leor eile, ghlacamar leis an ngaibhniú éigeantach sin, agus rinneamar iarracht dul in oiriúint don mhodh maireachtála nua seo ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. Más rud é go raibh an teilea-obair éasca i mo chás féin, ní raibh sé iomchuí do m’fhear céile toisc nárbh fhéidir (agus nach féidir fós) a ghairm agus an bonneagar a ghabhann léi a chur in oiriúint don teilea-obair. Mar sin féin, tháinig an easpa inoiriúnaitheachta sin idir é agus codladh na hoíche ar feadh tamaill de dheasca ráta neamhláithreachta as cuimse a chuid fostaithe. Bhí an eagla ag scaipeadh ar a laghad chomh tapa leis an víreas féin.

Anois go bhfuil an chéad ráig den víreas curtha dínn, ba nádúrtha an rud é an cheist a chur: cén staid shíceach, shóisialta agus eacnamíoch ina mbeimid nuair a bheidh an ngéarchéim seo curtha taobh thiar dínn? Más rud é gur fhág an phaindéim gur féidir na riachtanais is tábhachtaí a chur in ord tosaíochta agus gur tharla múscailt feasachta ar an gcomhshaol, chonacthas iompraíocht indibhidiúlach ar scála náisiúnta agus domhanda freisin. Níor rith sé le haon duine i Lucsamburg go bhfeicfeadh sé nó sí dúnadh na dteorainneacha arís. Tá an obair trasteorann ríthábhacht don Ard-Diúcacht agus d’fhág an srian ar shaorghluaiseacht daoine go raibh eagla orainn go mbeadh easnaimh oibrithe cúraim ann, *inter alia*.

D’fhág an ghéarchéim seo go bhfuilimid ag machnamh ar a leochailí is atáimid féin i dáiríre. Tuigimid anois, go bhfuilid ag brath, ní hé amháin ar na hoibrithe cúraimn, ach ar iompraíocht daoine eile.

Má táthar chun téarnamh eacnamaíoch a bhaint amach, is le chéile a dhéanfaimid é. Seachnóimid an náisiúnachas agus na geilleagair a bheith ag cúbadh chucu féin, tráth atá roinnt tíortha, ar mhaithe leis an athléimneacht, ag moladh na slabhraí luacha a náisiúnú. Ní mór smaoineamh ar níos mó neamhspleáchais ó thaobh domhandú a bheith ann ar an leibhéal Eorpach. Is deis í an ghéarchéim seo, mar a déarfá, chun stopadh agus smaoineamh ar feadh bomaite, rud ar cheart go gcuideodh sé linn machnamh a dhéanamh orainn féin.



## RENATE HEINISCH: IS LE CHÉILE A CHLOÍFEAR AN T-UAIGNEAS

Toisc gur poitigéir mé, bhí mé an-tógtha le linn ghéarchéim an choróinvíris leis an ngné sin den leigheas a bhaineann go sonrach leis an difear idir na hinscní. I réimse na meabhairshláinte feictear difear mór idir an tionchar a bhí ag COVID-19 ar fhir agus ar mhná.

Nuair a dhéantar comparáid eatarthu, is léir go raibh ar níos mó fear ná ban dul isteach in aonaid dianchúraim agus gur minice a fuair siad bás, fir óga go háirithe.

Ó cuireadh tús leis an dianghlasáil is mná óga is mó a d’éirigh tinn, agus sin i ngeall ar na róil nua atá acu sa tsochaí: fostaíocht neamhbhuan nó pháirtaimseartha, níos mó teagmhála le daoine, níos lú oibre ón mbaile, níos mó freagrachtaí cúraim.

Ní mór dúinn breathnú arís ar na heiseamláirí atá ag mná agus ag daoine scothaosta sa teaghlach, arae, tá leithcheal á dhéanamh freisin ar dhaoine atá amach sna blianta. Sin ábhar a leanfaidh mé orm ag labhairt faoi.

Le linn na géarchéime, is minic a shuínn os comhair na cógaslainne agus phléinn na ceisteanna sin le mo mhuintir, agus bhainidís sásamh as an gcomhrá sin.

Bheannaínn freisin do na seandaoine sa teach altranais, mise thíos ar an tsráid agus iadsan ar an mbalcón, agus chanaimis amhráin le chéile.

Caithfear an t-uaigneas a chloí agus seasamh le gaolta na ndaoine sin. Beidh ar lucht beartais an méid sin a chur san áireamh agus an fhostaíocht sa réimse seo á cur chun cinn acu, ach go dtí go ndéanfar sin beidh orainn tacú le cách.

Cheistigh mé tuismitheoirí freisin faoi réimse an oideachais agus d’eagraigh mé físchomhdhálacha le múinteoirí i dtaobh na litearthachta sna meáin.

---



## LAURE BATUT: EAGLA, ATHLÉIMNEACHT AGUS ANOIS?

**I dtosach báire, ba í an eagla a bhuail daoine, agus an alltacht**

An eagla, an imeagla i ndáiríre An eagla sin a chuir stop le gach rud, agus, nuair a bhí líon na marbh á fhógairt gach tráthnóna, a d’fhág go raibh an dúfhaitíos ar dhaoine faoina ndaoine muinteartha, bidís an-óg nó

an-sean, nó an-leochaileach. An eagla sin a chuireann i gcuimhne dúinn go bhfuil na scáthanna ag drannadh linn, ag faire na faille.

Tháinig alltacht ar dhaoine nuair a thuig siad nach raibh seirbhísí lárnacha sláinte na Fraince réidh chun déileáil leis an ngéarchéim, go raibh na gairmithe leighis ar an líne tosaigh agus na saoránaigh taobh thiar, agus gan an trealamh ba bhunúsaí ag ceachtar acu chun iad féin a chosaint nó chun cóireáil leighis a chur ar dhaoine eile. Bhí alltacht ar dhaoine freisin go raibh sé de chumas ag tír ar nós na Fraince, lena n-áirítear na críocha Francacha thar lear, stop a chur ar ala na huaire le gníomhaíochtaí uile an duine, na bailte agus na scoileanna a thréigean, cé gur caitheadh an geimheadh ag léirsiú ar na sráideanna le míshástacht dhleathach a léiriú.

Maidir leis an tsochaí, a bhí domhandaithe níos mó ná riamh leis an bpaindéim, tháinig ilroinnt uirthi ansin i ngeall ar an ngaibhniú, rud a d’fhág na sluaite mar dhaoine aonair scoite amach óna chéile. Aon éagrothromaíochtaí idir daoine, d’fhág an phaindéim iad níos mó fós.

**Cabhair ón Stát arís**

Tá sé de chúram ar na seirbhísí poiblí, go háirithe na seirbhísí sláinte a chinntú gur ag an mbeatha a bheidh an lá. De réir a chéile tugadh tacaíocht lóistíochtúil dóibh, lena n-áirítear roinnt beart nach ndearnadh ach ar mhaithe le cumaí, cuir i gcás aistriú roinnt othar d’iarnród nó i héileacaptair, cé gurbh ann do chlinicí príobháideacha a bhí sásta dul i mbun gnímh, nár iarradh orthu lámh chúnta a thabhairt.

Fuair na gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí fíor-riachtanacha tacaíocht ón Stát lena chinntiú go leanfadh an saol ar aghaidh, trí bhia a sholáthar, seirbhísí glantacháin...

Ach ba éagsúil ar fad cásanna a gcuid fostaithe fad a bhain le cosaint in aghaidh an víris, agus níor cuireadh aon chóras cúitimh ar bun dóibh.

**Ansin, an athléimneacht**

Is tríd an teagmháil a tháinig sí, teagmháil idir múinteoirí agus a gcuid daltaí trí na líonraí cumarsáide, an teileafóin, an ráidió, an teilifís, na meáin, idir fhíor-riachtanacha agus shóisialta, níor mhór an t-am a chur isteach, an t-am agus an obair a bhainistiú. Sheasadh na saoránaigh ag an bhfuinneog nó ar leac an dorais, gach tráthnóna ag a hocht a chlog, ag bualadh bos do na ghairmithe sláinte; óir nár thug an Stát an t-aitheantas iomlán a mbeifeá ag súil leis dóibh.

D’aimsigh na fostaithe a gcuid buanna nuálaíochta féin an athuair. D’éirigh an teilea-obair, a diúltaíodh uaireanta do roinnt fostaithe, forleathan ar luas lasrach. Níor mhór do na tuismitheoirí, go háirithe, na máithreacha, tabhairt faoi dhá ghairm, a ngairm féin agus gairm nua mar mhúinteoir.

D’fhág an ról a bhí ag na ceardchumainn mar idirghabhálaithe idir fostaithe, fostóirí agus an rialtas go ndearnadh a ngníomhaíocht a dhlisteanú arís. Táthar ag súil nach ndéanfar díreach éisteacht leo ach go ndéanfar beart dá réir sin.

**An Eoraip**

Chuir an tAontas Eorpach iontas ar dhaoine freisin, a bhuí le ráitis tosaigh an Choimisiúin!

Bhí i bhfad níos mó na Plean Marshall i gceist sa rud a d'fhógair sé. A leithéid de rúid téarnaimh! Níorbh fhada, áfach, gur tháinig rialtais agus an Pharlaimint ar chúiseanna lena chur ar an méar fhada, rud a bhfuilimid go léir ar an eolas faoi.

Ós a choinne sin, bhí roinnt mhaith gnólachtaí beaga - nach raibh dóthain fostaithe, ná dóthain airgid acu - a d'imigh bancbhriste ar fud na tíre, bialanna beaga a díoladh faoina luach, daoine óga a bhí díreach tar éis gnó a thosú. Ní raibh na bainc ag iarraidh baint ná páirt a bheith acu sa scéal. Tá sé de cheart ag fostaithe sochair dhífhostaíochta pháirteacha a fháil go dtí mí Mheán Fómhair ach cad tá rompu ina dhiaidh sin? Cé go bhfuair cuideachtaí móra an chabhair ó na Stáit, amhail Air France-KLM (EUR 7 mbilliún a fuarthas ón Ísiltír agus ón bhFrainc), agus Airbus, tá siad ag scaoileadh a bhfostaithe chun bealaigh. Is mór an náire é. Tráth atá 700 000 daoine óga ag teacht isteach sa mhargaidh saothair tar éis an tsamhraidh...

**An lá dar gcion?**

Samhlaítear dúinn nach bhfuil athrú ar bith ag teacht ó lá go chéile! Ar an gcéad dul síos toisc go bhfuil an víreas ag leathadh fós. Ar an dara dul síos, toisc go bhfillfidh na hathchóirithe a bhí ar siúl 'roimhe' 'ina dhiaidh', cé nach é sin atá ó shaol na hoibre sa Fhrainc ar chor ar bith. Tá an rialtas á dheimhniú do na saoránaigh nach mbainfear úsáid as an gcánachas chun an laghdú 13 % ar OTI a mhaoiniú, os a choinne sin níl deireadh leis an bhfoirceannadh fostaíochta agus an méadú ar phraghsanna ón samhradh ar aghaidh, praghsanna fuinnimh, iompair, torthaí agus glasraí...

I bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim, beidh athrú ar eagrú na hoibre. Beidh gá le rialacháin nach bhfuil ann fós maidir leis an teilea-obair, an obair ar ardáin, agus físchomhdhálacha. Tar éis na hathléimneachta, tá gá le cúram cuí. An léireoidh an ghéarchéim gurb iad na daoine is láidre ó thaobh an gheilleagair a thagann aniar níos fearr i gcónaí agus gurb iad na daoine atá ar bheagán a bhíonn ag fulaingt níos mó agus níos mó? I réigiún Pháras, is sna ceantair is boichte a bhí an líon is mó daoine tinn. Faraor, níl a dhath úr ann!

---



## BENTE SORGENFREY: AG DÍRIÚ AR NA RUDAÍ BUNRIACHTANACHA I MO SHAOL

Nuair a bhris géarchéim an choróinvíris amach sa Danmhairg thosaigh mo chomhghleacaithe agus mé féin, an 11 Márta, ag cur rudaí in eagar le go bhféadfaí gach rud a dhúnadh síos go hordúil dár gcomhaltaí. Bhí ar a lán fostaithe a bheith ag obair ón mbaile, daoine eile i róil strusmhara in ospidéil, i dtithe altranais agus in earnáil na seirbhísí, a d'fhan ar oscailt le linn na géarchéime. Freagraí soiléire agus dlúthchomhar le comhghleacaithe, b'in iad na rudaí is bunúsaí a bhí ag teastáil.

Táim i mo leas-uachtarán freisin ar Ghluaiseacht na gCeardchumann Eorpach (ETUC), agus bhí orm oibriú le comhghleacaithe i dtíortha eile.

Bhí áthas orm gur thugamar – rialtas agus comhpháirtithe sóisialta na Danmhairge – comhaontú trípháirteach i gcrích an 14 Márta maidir le cúiteamh pá sealadach. Clúdaíonn an comhaontú sin fostaithe atá ag obair i gcuideachtaí príobháideacha a bhfuil dochar suntasach airgeadais déanta dóibh ag paindéim COVID-19.

Bhain cuideachtaí leas as an scéim nua um chúiteamh pá sna cásanna sin nár ghlac siad páirt sna socruithe atá ann maidir le fostaithe a leagan as obair gan phá. Bunaíodh scéimeanna tacaíochta do ghnólachtaí beaga, d’oibrithe féinfhostaithe agus do ghairmithe neamhspleácha. Rachaidh codanna áirithe den chomhaontú sin as feidhm go luath agus táimid i mbun caibidlíochta faoi láthair ar an rud a thiocfaidh ina ionad le go bhféadfar fostaithe a chosaint go fóill.

Bhí mé féin ag obair ón mbaile agus d’éirigh liom sáreolas a chur ar uirlisí fíorúla nua. D’fhéadfadh an tráth sin sa bhaile a bheith an-strusmhar mar gheall ar an éiginnteacht faoin am atá amach romhainn, ach ina ionad sin fuair mé deis díriú go hiomlán ar mo chuid oibre agus níos mó ama a chaitheamh le mo theaghlach. Táim cinnte dearfa de go bhfuil mé féin agus mo chomhghleacaithe tar éis díriú níos géire ar ár bpríomh-mhisean agus go mbíonn smacht níos mó againn ar chruinnithe. Chiallaigh sé freisin dom féin go pearsanta go raibh mé in ann díriú ar na rudaí bunriachtanacha i mo shaol féin.

---




## ARNAUD SCHWARTZ: GÉARCHÉIMEANNA SLÁINTE, ÉICEOLAÍOCHA, SÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCHA – OIBRÍMIS LE CHÉILE AR SON DOMHAN A CHRUTHÚ AR FÉIDIR LINN MAIREACHTÁIL ANN

Ar leibhéal na hEorpa, tá tábhacht thar meán leis an gcomhar agus is mór idir sin agus an claonadh a thugann orainn cúbadh chugainn féin taobh thiar de bhrat an náisiúnachais agus an údarásaíochais. Is fíor go bhfuil an comhar idir stáit thar a bheith tábhachtach i dtreo is gur féidir an víreas a chomhrac, ach tá tábhacht nach beag leis freisin chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an víreas agus ar na hiarmhairtí a leanann, go háirithe ós rud é go mbeidh paindéimí an lae amárach – ach oiread leis an truailliú, leis an athrú aeráide nó le géarchéim na bithéagsúlachta – beag beann ar theorainneacha. Tá luamháin chumhachtacha ag an Eoraip lenar féidir a chinntiú go mbeidh leas an phobail i gcroílár fhorbairt na mór-roinne. Trí fheabhas a chur ar an gComhaontú Glas, ar an gComhbheartas Talmhaíochta agus ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, d’fhéadfaimis na tionscadail Eorpacha agus náisiúnta a atreorú d’fhonn an Eoraip, atá ar thús cadhnaíochta sa domhan, a sheoladh ar chonair lena gcruthófar domhan ar féidir linn maireachtáil ann.

Ní haon dóithín é tús áite a thabhairt don chomhar seachas don iomaíocht ó leibhéal an duine aonair go dtí an leibhéal idirnáisiúnta. Taibhsítear dúinn ar uairibh gur fusa ár leas féin a chosaint. Agus an cathú seo romhainn, caithimid a mheabhrú dúinn féin gur sinne a bheidh caillteach leis má ghéillimid don mheon gearrthéarmach sin: fillfidh an feall orainn mar a bheadh búmarang ann! Ní fhacthas a leithéid de ghéarchéimeanna riamh roimhe seo agus tá dúshlán ollmhór romhainn; mar sin ní rithfidh linn aghaidh a thabhairt orthu más ag feidhmiú inár n-aonar a bheimid.

Ní rachaidh mé i leith ná i leataobh leis an ngairm chun gnímh seo mar sin: má táimid chun na géarchéimeanna seo a shárú caithfimid ár mianta leithleacha féin a fhágáil i leataobh agus oibriú i gcomhar

le chéile ar son an leasa choitinn. Tugaigí aire daoibh féin, do bhur muintir, do strainséirí atá i ngátar, don domhan beo atá thart timpeall oraibh, agus déanaimis iarracht ár bhfuinneamh a chaitheamh ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar na géarchéimeanna nua seo.

# EESC NEWS

## Isabel Caño Aguilar, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid: Ní slán, ach slán go fóill, a fhágaim libh!

Tá a ionú féin ag gach uile rud. Tá an t-ionú anois ann slán a fhágáil ag a chéile. Tá dhá bhliain go leith caite againn ag obair i dteannta a chéile: bhí sé d’onóir agam, ó mhí Aibreáin 2018, a bheith i mo Leas-Uachtarán um an gCumarsáid, agus mé ag obair in éineacht le **Milena Angelova**, an **Leas-Uachtarán um an mBuiséad**.

Tapaím an deis seo chun buíochas a ghabháil libh, a léitheoirí dile, as bhur ndílseacht don iris seo CESE info. Bhí sé de phribhléid againn na rudaí sin is fearr a tharla le linn imeachtaí, sheimineáir, dhíospóireachtaí, chomhráite agus sheisiúin iomlánacha CESE, nó, i mbeagán focal, na tionscnaimh go léir a d’fhág a lorg ar théarma oifige CESE faoi stiúir **an Uachtaráin Luca Jahier**, a roinnt libh.

Bhí an t-ádh liom foireann iontach a bheith ag obair i mo theannta i Stiúrthóireacht na Cumarsáide. Fanfaidh cuimhní liom i gcónaí de na comhghleacaithe sin a chabhraigh liom le linn na tréimhse sin, de mhná agus d’fhir a chuir go mór le mo shaol, agus a mhúin dom níos mó cúraim a dhéanamh don domhan atá thart orainn agus lenar oibrigh mé ar na tionscnaimh go léir a chuireamar i gcrích le linn an téarma oifige. Gan an obair go léir a rinne siadsan, gan a dtiomantas agus a ndíocas, ní bheinn in ann an cúram a bhí orm a chur díom.

Cá mhéad uair a bhaineamar leas as an smaoineamh sin de chuid Hannah Arendt, is é sin gur beart ann féin é na focail chearta a aimsiú ag an am ceart.

Tá an oiread sin cuimhní, aghaidheanna agus comhráite ann nach ndéanfaidh mé dearmad go deo orthu. Ina measc tá iriseoirí sheimineáir mhí na Nollag, an méid a dúirt Andrew Caruana Galizia a rinne achainí ar son saoirse tuairimíochta, an óráid a thug Marta Lempart, agus Duais na Sochaí Sibhialta a eagraíodh den dara huair in 2019 arbh é an comhionannas an téama a bhí léi agus a bronnadh ar *Strajk Kobiet* (Cumann Stailce na mBan sa Pholainn) a spreag mná chun athrú a éileamh ina saol.

Is cuimhin liom an chomhairle a chuir comhfhreagraithe na meán sa Bhruiséil orainn nuair a thugamar cuireadh dóibh teacht chuig cruinnithe COCOM: “Éistigí le bhur gcomhaltaí mar go bhfuil a scéal féin le hinsint ag gach duine”.

Uaireanta bhíodh plé an-bhríomhar ann, agus smaoiním go háirithe ar na hócáidí nuair a thángamar le chéile san Aithin agus in Malaga. Fuaireamar an deis in 2018 le linn sheimineár na hAithne, a tionóladh i gcliabhán an daonlathais, nascadh athuair le fréamhacha ár gcuid luachanna Eorpacha. In 2019, chruinníomar le chéile in Malaga in ollscoil ina raibh a lán tionscnamh a rinne daoine óga ar taispeáint agus d’athdhearbhaíomar gurb é atá san Aontas Eorpach tionscadal is ceart a chruthú i gcomhar leis an tsochaí shibhialta.

Ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh, bhí orainn leithscaradh agus ár gcuid oibre a eagrú ar bhealaí nua. D’fhág an phaindéim go raibh orainn teacht ar mhodhanna eile maireachtála agus oibre. Rinne an Coiste beart go mear agus d’fhoilsíomar, an 17 Márta, ráiteas inar iarradh dlúthpháirtíocht bhreise agus beart comhpháirteach ar leibhéal na hEorpa chun déileáil go héifeachtach le hiarmhairtí na paindéime.

D’oibríomar go dlúth leis na hinstitiúidí eile chun dul i ngleic leis an ngéarchéim shóisialta, eacnamaíoch agus pholaitiúil. Inár gcáil mar ionadaithe na sochaí sibhialta eagraithe, labhraíomar d’aon ghuth amháin, agus thugamar le fios gur le chéile amháin a bheimis in ann aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim.

Maidir le Stiúrthóireacht na Cumarsáide, chinntíomar go bhfuair ár gcuid obair reachtach clúdach sna meáin, obair a lean ar aghaidh ainneoin na géarchéime. Theastaigh uainn freisin eolas a roinnt libh faoin gcaoi a raibh comhaltaí CESE i mbun oibre ina dtíortha féin, laistigh dá n-eagraíochtaí féin, agus iad ag déileáil le héifeachtaí na paindéime.

Inár gcolún “Dessine-moi…” tugadh deis dár gcomhaltaí a smaointe, a dtuairimí agus a mothúcháin a roinnt linn faoin méid a ndeachaigh siad tríd le linn na paindéime nuair a bhí an saol ina stad. Ach, níos tábhachtaí fós, chabhraigh siad linn a thuiscint cé chomh héagsúil agus atá ár gCoiste agus na gníomhaíochtaí go léir a bhíonn ar siúl ag lucht ceardchumainn, fiontraithe agus baill d’eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta.

Ní fada go mbeidh tús á chur againn le caibidil nua i scéal ár n-institiúide. Gabhaim buíochas ó chroí libh as an obair go léir atá déanta agaibh, as an tiomantas agus an díocas atá léirithe agaibh agus, thar aon ní eile, as an toilteantas chun teachtaireacht Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a chraobhscaoileadh.

Gabhaim buíochas le léitheoirí CESE info as an dúil a chuir sibh i gcónaí i nuacht agus i scéalta CESE, leis na comhaltaí a roinn a gcuid smaointe linn, leis na grúpaí, leis na rannóga, agus leis na haistritheoirí as an saothar cruinn a ullmhaíonn siad dúinn ainneoin an bhrú oibre a bhíonn orthu.

Tá buíochas mór tuillte freisin ag foireann Aonad an Phreasa as a bheith éifeachtach agus cruthaitheach agus as an nuachtlitir seo a fhoilsiú, agus meallann sí a lán síntiúsóirí nua go fóill. Gabhaim buíochas le foireann Aonad INF as an snas ealaíonta agus teicniúil a chuireann siad ar CESE info.

Nílim ag fágáil an Choiste óir fanfaidh mé libh mar chomhalta den Choiste. Seasfaidh mé i gcónaí ar son na hoibre sin a dhéanann sibh a bhaineann leis an bhfaisnéis agus an chumarsáid.

An rud deireanach atá agam le rá libh, is rud é a dúirt Albert Camus, agus fágaim agaibh é mar mhana a bhfuil súil agam a mbeimid in ann a úsáid inár saol gach lá: “*Créer c'est vivre deux fois*” [is ionann rud a chruthú agus dhá shaol a bheith ag duine].



## Milena Angelova, Leas-Uachtarán atá freagrach as an mBuiséid: An beart is fearr a roghnú

Tá athruithe tábhachtacha fuinniúla ag tarlú san Aontas Eorpach faoi láthair. Teastaíonn iarrachtaí comhordaithe agus sineirge na n-institiúidí uile, gach páirtí leasmhar, gach saoránach Eorpach chun an straitéis cheart a aimsiú chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar na dúshláin uile agus feidhmiú mar ghníomhaí láidir domhanda. Tá ról tábhachtach le himirt ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa sa phróiseas seo mar ardán uathúil lena mbaileofar tuairimí fostóirí, fostaithe agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le gach gné thábhachtach a bhaineann le conas cuspóirí ár gcomhthionscadal Eorpach a bhaint amach.

Tá sé de chúram ar uachtaránacht CESE an Coiste a stiúradh agus an beart is fearr a roghnú do gach sainordú, tosaíochtaí polaitiúla coiteanna a thionscnamh agus an chaoi is fearr lena mbaint amach a shainiú. Ba mhór an onóir agus an pléisiúr a bhí ann freastal in éineacht le mo chomhghleacaithe urramacha ar feadh an dá bhliain go leith a chuaigh thart agus iarracht a dhéanamh in éineacht leo an méid sin a bhaint amach. Bhí ár gcomhiarrachtaí bunaithe ar an tuairim dhaingean go bhfuil inniúlacht, taithí agus eolas ar leith ag gach comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus go bhfeidhmíonn sé nó sí mar cheangal le gnólachtaí agus le saoránaigh ar fud na hEorpa, agus go bhfuil ceangal díreach ag an gcomhalta sin leis an toghlach baile. Dá bhrí sin, d'fhéachamar le go mbeadh an timpeallacht, na coinníollacha agus an tacaíocht is fearr ag comhaltaí uile CESE chun a n-acmhainneacht agus a gcruthaitheacht a scaoileadh, ionas go mbainfear an leas is fearr is féidir as a n-ionchuir agus go gcuirfear le chéile iad i dtuairimí gairmiúla, ionadaíocha agus cothromaithe. Bhí ár n-iarrachtaí spriocdhírithe ar infheictheacht níos mó, ar obair leantach níos struchtúrtha ar ár gcuid oibre agus a cur chun cinn ar fud na hEorpa – d'institiúidí Eorpacha agus na mBallstát, do chinnteoirí agus d'eagraíochtaí comhpháirtíochta.

Is díol mórtais agus sásaimh dom go bhfuil mórán bainte amach againn le chéile, trí dhul i gcomhar le chéile mar fhoireann dhea-fheidhmiúil chomhtháite, a bhí tiomanta do chomhionannas deiseanna agus coinníollacha do gach comhalta de CESE chun cur le rathúlacht choiteann ár gCoiste agus a mhisean á chur i gcrích againn. Agus guím gach rath ar an bhfoireann uachtaránachta nua le linn an téarma oifige nua!

---



## An Intleacht Shaorga: ba cheart, le dlí an Aontais, teorainneacha sábháilte a shocrú d'fheidhmchláir ardriosca

Chuir CESE in iúl sa fhreagra a thug sé ar Pháipéar Bán an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hintleacht Shaorga, a glacadh ag seisiún iomlánach CESE i mí Iúil, nár cheart an t-aitheantas bithmhéadrach arna úsáid le haghaidh rianú, faireachais agus brath mothúchán a bheith mar chuid de chur chuige daonlárnach na hEorpa i leith na hIntleachta Saorga (IS).

Tá sé molta ag an gCoimisiún Eorpach go measfar go ngabhann ardriosca le feidhmchlár IS má úsáidtear í in earnáil ardriosca (cúram sláinte, iompar, fuinneamh agus codanna den earnáil phoiblí) agus más úsáid ardriosca atá i gceist, taobh amuigh de roinnt eisceachtaí atá le sainiú fós. Is féidir a mheas gur intleacht shaorga ardriosca atá i gceist i gás ina gcomhlíontar an dá choinníoll réamhráite sin, agus thiocfadh sí faoi rialacháin shonracha agus faoi struchtúir rialachais shonracha.

Creideann CESE, áfach, go bhfuil an baol ann go gcruthóidh an sainmhíniú seo lúba ar lár a d'fhéadfadh a bheith contúirteach.

"Cuimhnímis, cuir i gcás, ar fhógraíocht pholaitiúil Facebook", arsa an rapóirtéir Catelijne Muller. "Is earnáil lena mbaineann riosca íseal í an fhógraíocht agus is féidir glacadh leis an bhfeidhm atá ar Facebook chun nuacht a chomhbhailiú mar úsáid ísealriosca. Mar sin féin, chonaiceamar le linn feachtais toghcháin áirithe go bhféadfadh scaipeadh bréagnuachta agus domhainbhrionnuithe a ghintear le cabhair ón intleacht shaorga tionchar diúltach nach beag a bheith acu, ní áirím an tionchar a bhíonn acu ar an treo ina vótálann daoine. Is ó áiteanna lasmuigh den Eoraip fiú amháin a thagann cuid den bhréagnuacht agus cuid de na domhainbhrionnuithe sin."

Creideann CESE gurbh fhearr liosta de shaintréithe coiteanna a tharraingt suas, ar saintréithe ardriosca iad beag beann ar an earnáil lena mbaineann siad.

Tá CESE láidir air gur cheart toirmeasc a chur freisin ar an aitheantas bithmhéadrach a dhéantar le cabhair IS i gcomhair faireachais nó chun iompar nó mothúcháin daoine a rianú, a mheasúnú nó a chatagóiriú. Leag Catelijne Muller béim air gur gá sin a dhéanamh go háirithe toisc nach bhfuil aon fhianaise eolaíoch ann a léiríonn gur féidir linn mothúcháin duine a bhrath bunaithe ar a shonraí/sonraí bithmhéadracha.

Ina theannta sin, tá rabhadh á thabhairt ag CESE in éadan an bhorrtha neamhrialaithe atá tagtha faoin teicneolaíocht rianaithe agus lorgaireachta, ar mó ná riamh an úsáid atá á baint aisti inár sochaí agus sinn ag iarraidh dul i ngleic le ráig an choróinvíris.

"Ba cheart na teicnící agus na cineálacha cur chuige IS a úsáidtear chun paindéim an choróinvíris a chomhrac a bheith chomh láidir, éifeachtach, trédhearcach agus inmhínithe céanna agus atá aon teicníc IS eile a úsáidtear i gcás ar bith eile," arsa Catelijne Muller. "Ba cheart dóibh cearta an duine, prionsabail eiticiúla agus an reachtaíocht atá ann cheana a chosaint. Ba cheart gur de dheoin an duine i gceist a chuirfí na teicnící sin i bhfeidhm óir, pé olc maith linn é, cuid mhaith de na teicnící a tugadh isteach le linn na géarchéime, is teicnící iad a bheidh againn go buan anois". (dm)

---



## Níor cheart do straitéis comhionannais inscne an Aontais neamhaird a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha ghéarchéim COVID-19 ar mhná

**Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)** ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach a Straitéis nua um Chomhionannas Inscne a chur chun feidhme go pras, agus ag an am céanna dul i ngleic leis an

tionchar díobhálach a bhí ag paindéim COVID-19 a chuir leis an neamhionannas inscne sóisialta agus eacnamaíoch a bhí ann cheana, rud a mhéadaigh an foréigean in aghaidh na mban agus cineálacha éagsúla idirdhealaithe ina n-aghaidh.

“D’fhág COVID-19 go bhfuil mná i mbaol foréigin, bochtaineachta, an iliomad cineálacha idirdhealaithe agus spleáchais eacnamaíoch. Ní mór an straitéis a chur chun feidhme gan mhoill, lena sheachaint go leanfaidh mná den phraghas a íoc as an bpaindéim,” arsa **Giulia Barbucci**, rapóirtéir na tuairime ó CESE maidir le comhionannas inscne, a glacadh ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Iúil.

Sa tuairim uaidh, d’áitigh CESE nach mór don Choimisiún a chinntiú go gcuirfear san áireamh sa Straitéis na hiarmhairtí diúltacha a bhí ag an bpaindéim don chomhionannas inscne agus go ndéanfar gné na hinscne a ionchorprú i mbearta téarnaimh uile na mBallstát.

Chuir **Indrė Vareikytė**, comhrapóirtéir na tuairime, in iúl go láidir a thábhachtaí atá ról na meán i gcruthú agus buanú na steiréitíopaí as a dtagann claontacht in aghaidh ban agus a chruthaíonn tuilleadh éagothromaíochtaí.

Dúirt sí go raibh CESE ag iarraidh fócas téamach nua – na meáin agus an fhógraíocht – a bheith san áireamh sa chéad Innéacs Comhionannais Inscne eile arna fhoilsiú ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE). Dá bhrí sin, ba cheart do na meáin cóid iompair agus bearta eile a ghlacadh lena seachnaítear gnéasachas agus lena ndíchóimeáiltear steiréitíopaí.(II)

---




## Ní bhainfear amach an aeráidneodracht mura n-éireoidh leis an Aontas dul i gcion ar an bpobal

**Ní bhainfear amach an aeráidneodracht mura n-éireoidh leis an Aontas dul i gcion ar an bpobal. Tá sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Aontais anois dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Idir an t-athrú aeráide agus éigeandáil na haeráide, ní mór don Aontas athruithe móra a dhéanamh chun geilleagar na dea-bhaile a chothú.**

Le go bhféadfaí déileáil leis na dúshláin sin agus na hathruithe sin a dhéanamh, ghlac an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas don Eoraip agus chuir sé tús le próiseas comhairliúcháin chun tuairimí a fháil maidir leis an bpobal a chuimsiú i gComhshocrú Aeráide Eorpach.

Iarradh ar CESE, dá bhrí sin, treoir a thabhairt faoin gcaoi le tógáil ar na struchtúir atá ann cheana, m.sh. comhphlé leis na saoránaigh agus tionóil na saoránach, le go bhféadfaí an tsochaí a spreagadh le ról a imirt i mbaint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna), toisc go mbraitheann na bearta uile a bhaineann leis an aeráid ar na spriocanna sin.

Dar le Dimitris Dimitriadis, rapóirtéir na tuairime maidir leis an gComhshocrú Aeráide, fágann an Comhshocrú Aeráide Eorpach go bhfuil deis thábhachtach ag an gCoimisiún agus dualgas air cur chuige nuálach a mhúnlú chun na bearta atá á ndéanamh cheana sa tsochaí shibhialta, sna pobail, cathracha agus

réigiúin a dhéanamh freisin ar an leibhéal Eorpach, tacú leo agus iad a spreagadh.

Thairis sin, tá sé á bheartú ag an gCoimisiún sprioc nua don bhliain 2030 a leagan síos sa dlí Eorpach tríd an Dlí Aeráide Eorpach a beartaíodh le deireanas, lena leagtar síos sprioc cheangailteach neodracht maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050.

Dúirt Jan Dirx, rapóirtéir na tuairime maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach, nach mbeadh deis níos fearr ann arís fórsaí na sochaí sibhialta a nascadh le fórsaí na rialtas chun tabhairt faoin Dlí Aeráide a chur chun feidhme de réir mar a dhéantar téarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19. Dúirt sé gur chabhraigh an phaindéim linn a thuiscint gur féidir linn rudaí a dhéanamh ar bhealach eile ach an dua a chur orainn féin chuige sin. (mr)

---





## Malartú sonraí don gheilleagar digiteach agus comhoibríoch á éileamh ag CESE

Tá CESE ag iarraidh ar Bhallstáit an Aontais a gcomhordú maidir le cúrsaí cánach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a neartú ar mhaithe leis an ngeilleagar digiteach agus comhoibríoch. Trí chomhordú níos dlúithe a dhéanamh ar bheartais chánach is infheidhme maidir leis an earnáil eacnamaíoch nua agus trí ionstraimí agus réitigh oibre a cheapadh, d’fhéadfaí feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach, iomaíocht chothrom a chinntiú agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na hearnála nua eacnamaíochta seo.

Cé gur díol sásaimh do CESE an comhar atá ann cheana idir an Coimisiún Eorpach, Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus ECFE/G20 maidir leis an tsaincheist sin, molann sé do na Ballstáit, i dtuairim a glacadh ag seisiún iomlánach CESE an 15 Iúil 2020, teacht ar réitigh ar leibhéal an Aontais mura mbeifear in ann teacht ar chomhaontú idirnáisiúnta mar a bhí beartaithe faoi dheireadh 2020 agus mura féidir a bheith ag súil le comhaontú idirnáisiúnta amach anseo. Mhol an Coiste ceanglais shoiléire agus chomhchuibhithe um thuairisciú a bheith ann do ghnólachtaí digiteacha agus comhoibríocha mar aon le córas feidhmiúil agus comhréireach chun sonraí a bhailiú agus a mhalartú ar leibhéal an Aontais má tá moill ann maidir le comhaontú idirnáisiúnta.

Ag seisiún iomlánach CESE, tharraing rapóirtéir na tuairime, Ester Vitale, aird ar leith ar an ngá práinneach atá le beart a dhéanamh. "Ní mór an cánachas agus na beartais chánach a chur in oiriúint do na hathruithe rialta a bhíonn ag tarlú sa gheilleagar comhoibríoch. Ní mór do na hinstitiúidí idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta gníomhú go héifeachtach agus go tapa chun dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann leis na hathruithe sin. Ba chóir réiteach a fháil ar an leibhéal idirnáisiúnta, más féidir sin, nó fiú ar an leibhéal domhanda," a dúirt Ester Vitale agus luaigh sí an chaoi "nár mhór na rialacha agus samhlacha cánach reatha a chur in oiriúint don timpeallacht ghnó nua." (mp)

---



## Tá CESE ag tacú le Bliain Eorpach an Iarnróid in 2021

Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag an iompar d'iarnród i soghluaisteacht an Aontais Eorpaigh amach anseo agus a bheith mar phríomhfhoirm iompair. Ar an gcúis sin, tá CESE sásta tacú leis an gCoimisiún Eorpach a bhfuil sé beartaithe aige 2021 a chomóradh mar Bhliain an Iarnróid.

Sa tuairim uaidh a formheasadh ag an seisiún iomlánach i mí Iúil, a dhréachtaigh Alberto Mazzola, dúirt an Coiste nár mhór don Aontas, ar thaobh amháin, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh san earnáil iarnróid i gcomhréir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus, ar an taobh eile, a hinfheictheacht a mhéadú, trí thús a chur le díospóireacht ar sheirbísí do phaisinéirí, lena n-áirítear daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, tríd an gclaochlú digiteach agus trí inbhuaine comhshaoil.

I gcomhthéacs Bhliain Eorpach an Iarnróid in 2021, cuirfear an t-iompar d'iarnród os comhair an phobail mar phríomhshampla den tsoghluaisteacht chliste agus mar modh iompair nuálach sábháilte, agus féachfar le teagmháil a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne, go háirithe daoine óga. Díreofar ar shaoránaigh, gnólachtaí agus údaráis, trí thionscadail, díospóireachtaí, imeachtaí, taispeántais agus tionscnaimh arna n-eagrú ar fud na hEorpa agus míneofar cén fáth gur bealach mealltach agus inbhuanaithe é an t-iompar d'iarnród chun taisteal ar fud na hEorpa, agus béim á cur ar an ngné uile-Aontais de.

Le linn an tseisiúin iomlánaigh, chuir an tUasal Mazzola i bhfáth "gur cheart an tionscnamh seo a úsáid mar dheis chun eolas níos fearr a thabhairt, go háirithe d'Eorpaigh óga, faoina tharraingtí a bheadh gairm san earnáil iarnróid, trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chomhpháirteacha leis na comhpháirtithe sóisialta, leis na hollscoileanna, leis an bpobal acadúil i gcoitinne agus le heagraíochtaí Eorpacha don óige." (mp)

---




## Thug CESE cuntas ar phríomhról na trádála i dtaca le téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe ó ghéarchéim COVID-19 a chur chun cinn

**Ag an seisiún iomlánach i mí Iúil, ghlac CESE tuairim maidir leis an tuarascáil bhliantúil ba dhéanaí a d'eisigh an Coimisiún Eorpach i ndáil le cur chun feidhme comhaontuithe saorthrádála don bhliain 2018. Sa tuairim sin, thug CESE cuntas ar phríomhról na trádála i dtaca le téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn agus i dtaca lena éascú do chuideachtaí a luachshlabhraí briste a athbhunú agus a atheagrú. San am céanna, is cúis aiféala dó nach ndéantar mórán tagartha d'obair faireacháin na sochaí sibhialta sa tuarascáil ar an gcur chun feidhme.**

Sa tuairim uaidh, d’áitigh CESE ar institiúidí an Aontais ceachtanna tábhachtacha a fhoghlaim ó chúrsaí mar atá. Mar chuid de sin, áirítear an gá atá ann slabhraí soláthair atá níos athléimní, níos éagsúlaithe agus níos freagraí a athbhunú agus sásraí níos láidre a fhorbairt chun clár oibre inbhuanaithe maidir leis an trádáil agus leis an infheistíocht a bhaint amach ina ghnéithe ar fad. Tá aiféala ar leith ar CESE gur beag tagairt a dhéantar sa tuarascáil don obair a rinne grúpaí comhairleacha baile (DAGanna) chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na gcomhaontuithe ar ghealltanais maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD). D’éiligh CESE go ndéanfaí DAGanna a neartú chun go bhféadfaidís a gcuid cúraimí faireacháin a fhreastal go rathúil agus chuir sé in iúl gur cúis imní dó nach bhfuil uirlisí forfheidhmiúcháin ceangailteacha san áireamh sna caibidlí i leith TSD faoi mar atá.(dgf)

---




## Géarchéim an choróinvíris: dar le CESE gur cheart do chuideachtaí AE athmhachnamh a dhéanamh ar a samhail ghnó

Ní mór dúinn an bealach ina ndéanaimid gnó san Eoraip agus ar fud an domhain a athrú, ach ba cheart, in ainneoin ghéarchéim COVID-19, gurb iad spriocanna fadtéarmacha an Aontais maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe na colúin ar a dtógfar ár dtodhchaí, mar a bhí go dtí seo. Sa tuairim uaidh maidir le fás eacnamaíoch inbhuanaithe ar fud an AE a fheabhsú, a dhréachtaigh **Philip von Brockdorff** agus a glacadh ag an seisiún iomlánach i mí Iúil, cuireann an Coiste i bhfios go láidir gur deis í an ghéarchéim chun athmhachnamh a dhéanamh ar an tslí ina ndéanann cuideachtaí san Aontas gnó agus chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann siad amhlaidh. Níor cheart sin a bheith ina iarraim cúis, áfach, leis an mbonn a bhaint de na cuspóirí atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip, i Straitéis 2020 don Fhás Inbhuanaithe agus i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Le linn na díospóireachta iomlánaí, dúirt **an tUasal von Brockdorff** "gur gá athrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn gnólachtaí laistigh den Aontas agus ar fud an domhain de dheasca na bhfadhbanna eacnamaíocha atá ann mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19. Tá sé cruthaithe go bhfuil na slabhraí soláthair leochaileach agus gur gá a slándáil a áirithiú. Is gá d’oibreoirí eacnamaíocha an Aontais athmhachnamh a dhéanamh ar straitéisí na slabhraí soláthair, lena n-áirítear an t-éagsúlú, agus na slabhraí soláthair in earnálacha éagsúla a chur ag luí le chéile arís. Tá cineál éigin dídhomhandaithe earnála de dhíth freisin, ar a laghad i gcás gnólachtaí AE a tháirgeann earraí riachtanacha, agus ba cheart dóibh smaoineamh ar a monarchana monaraíochta a athlonnú san Eoraip".

D’fhonn an fás inbhuanaithe a chur i gcrích sna blianta beaga atá amach romhainn, ní mór dúinn geilleagar na hEorpa a atreorú, agus aird á tabhairt ar cholúin na hinbhuaine comhshaoil, na ngnóthachan táirgiúlachta, na cothroime, an dul chun cinn shóisialta agus na cobhsaíochta maicreacnamaíche.

Ní mór don Aontas Eorpach ról níos lárnaí a bheith aige sa trádáil dhomhanda. Tá sé sin ríthábhachtach do chuideachtaí AE agus dá n-ionchais ghnó. Maidir le gnólachtaí domhanda atá ag feidhmiú i margadh domhanda, tá cothrom iomaíochta riachtanach freisin i gcás raon leathan réimsí, amhail caighdeáin idirnáisiúnta saothair, iomaíocht chóir agus comhlíonadh na spriocanna maidir leis an athrú aeráide. (mp)

---




## Cur i gcrích an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair i mbaol de bharr síorathrú

Fágann an síorathrú ar thosaíochtaí polaitiúla náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh go gcuirtear bac ar chur i bhfeidhm thionscadail an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) agus go bhfuil amhras ann dá bharr an bhféadfar an croíghréasán a chríochnú faoi 2030. Tugtar an rabhadh sin sa tuarascáil faisnéise ó **Alberto Mazzola** dar teideal *Evaluation of the Trans-European Network – Transport (TEN-T) guidelines 2013-2020*, tuarascáil a glacadh sa seisiún iomlánach a bhí ag CESE i mí Iúil.

I measc na rudaí a chuireann bac ar chur i gcrích thionscadail TEN-T tá athruithe ar na tosaíochtaí polaitiúla náisiúnta, dar ndóigh, rud a dhéanann dochar do thionscadail a bhfuil tábhacht ar leith trasteorann leo, ach cuireann saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile bac orthu freisin. Léiríonn an méid sin go bhfuil saincheisteanna tábhachtacha sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le beartas TEN-T ann a gcaithfear déileáil le riachtanais na sochaí sibhialta chun réiteach a fháil orthu. Ní fhéadfar an obair chuí a dhéanamh ar an mbeartas agus na bacainní ar chur i bhfeidhm an tionscadail a bhaint mura mbeidh lámh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta ann agus mura rachfar i gcomhairle leo ag céim luath sa phróiseas.

Seo mar a labhair **Alberto Mazzola** sa seisiún iomlánach: "Táimid ar aon intinn leis na páirtithe leasmhara go bhfuil amhras ann faoinar féidir an croíghréasán a chríochnú faoi 2030, ach measaimid go bhfuil an sprioc sin tábhachtach chun brú a chur ar na Ballstáit níos mó dul chun cinn a dhéanamh agus creidimid go bhféadfaí roinnt mórthionscadal trasteorann a chríochnú faoin dáta sin. Tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus faireachán ar fhorbairt na gconairí agus na dtionscadal thar a bheith tábhachtach chun na tionscadail a chur i bhfeidhm ar an mbealach is fearr. Nuair a rinneadh sin ag céim luath sa phróiseas trí fheachtais ghinearálta faisnéise, rinne na tionscadail dul chun cinn maith, ach sna cásanna nach ndearnadh sin tá codanna den phobal ag cur ina n-aghaidh go fíochmhar." (mp)

---





## Téamh domhanda: bearta nua cánach á n-iarraidh ag CESE chun CO a laghdú

Cé gur cabhair iad na cánacha nua agus bearta breise maidir le hastaíochtaí $CO_2$, ní dhéanfaidh siad cúis ós cosúil go leanfaidh an téamh domhanda ar aghaidh mura féidir na hastaíochtaí $CO_2$ atá ann cheana a bhaint as an atmaisféar. I dtuairim a dhréachtaigh **Krister Andersson** agus a glacadh ag an seisiún iomlánach i mí Iúil, leagann an Coiste béim ar an ngá atá le córas nua a chur ar bun trína ngearrfar cáin ar astaíochtaí $CO_2$ agus, ar an gcaoi sin, trína ndéanfar iad a dhíspreagadh, agus trínar féidir, ina theannta sin, astaíochtaí atá san atmaisféar cheana féin a bhaint, a stóráil agus a úsáid chun críocha eile.

Agus é ag labhairt ar an ábhar sin le linn an tseisiúin iomlánaigh, bhí an méid seo a leanas le rá ag **an Uasal Andersson**: "Siúd is gur den tábhacht an cánachas a úsáid chun spriocanna na hEorpa maidir le haeráidneodracht a bhaint amach, tá gá freisin le huirlisí breise. Chomh maith le bheith in ann astaíochtaí $CO_2$ a laghdú, b'éifeachtúil an rud é dá bhféadfaimis, anuas air sin, $CO_2$ a bhaint as an atmaisféar. Sin é an fáth a bhfuil cur chuige siméadrach i leith an chánachais á iarraidh againn bunaithe ar an straitéis seo a leanas: d'fhéadfaí ioncam cánach ó chánacha ar astaíochtaí $CO_2$ a úsáid chun íoc as gníomhaíochtaí lena mbaintear $CO_2$ as an atmaisféar".

Molann CESE freisin, trí infheistíochtaí tiomnaithe, teicneolaíochtaí nua a fhorbairt ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena bhféadfar carbón a ghabháil agus a stóráil (CCS) chomh maith le carbón a ghabháil agus a úsáid (CCU). Maidir leis na bearta sin, ba chéim eile chun cinn iad agus sinn i mbun laghdú a dhéanamh ar thionchar na n-astaíochtaí $CO_2$, agus, ar an gcaoi sin, chuideoidís linn cloí le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide. (mp)

---



## Is é an neamhionannas méadaithe a thagann as an domhandú de cheal rialála, dar le CESE

**Shonraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) i dtuairim a thionscain Georgi Stoev agus Thomas Student, agus ar ghlac seisiún iomlánach CESE i mí Iúil í, gur cheart tús áite a thabhairt don iomaíochas, don nuálaíocht agus do chruthú post a chothú sa chomhar rialála domhanda trí scéim trádála iltaobhach athnuaite.**

De dheasca cur isteach amhail an coróinvíreas (COVID-19), tá an baol ann go bhfágfar an geilleagar domhanda agus an saol sóisialta ina lánstad. I measc nithe eile, bhí tionchar ag an gcóróinvíreas ar an gcúlú eacnamaíoch i SAM, san Aontas Eorpach, sa tSeapáin agus i réigiúin eile den domhan, ar an bhfás thar a bheith mall sa tSín agus ar chaillteanais mhóra ó thaobh an aschuir de. Ní mór do na rialtais an damáiste eacnamaíoch a fhritháireamh le beartais fhioscacha agus airgeadaíochta agus déileáil leis na hathruithe ar an bparaidím eacnamaíoch a bhfuil coinne leo.

"Níor cheart go bhfaigheadh an dumpáil eacnamaíoch, shóisialta ná chomhshaoil an lámh in uachtar ar fhorbairt na tionsclaíochta san Eoraip. D'fhéadfadh sin tionscail Eorpacha agus an múnla sóisialta Eorpach a chur i mbaol go mór," arsa **Georgi Stoev**, rapóirtéir na tuairime. "Is cúis imní dúinn an diúltachas maidir leis an trádáil idirnáisiúnta agus leis an domhandú agus teacht chun cinn an phobalachais. Ní féidir fadhbanna eacnamaíocha ná sóisialta a réiteach tríd an gcaomhnaitheacht ná tríd an náisiúnachas," dar leis.

"Tá tionscadal nua le haghaidh an lánpháirtithe inmheánaigh ag teastáil go géar ón Eoraip: comhstraitéis eacnamaíoch, shóisialta (agus comhordú na sláinte poiblí san áireamh), fhioscach, fuinnimh agus chomhshaoil mar aon le beartas trádála comhtháite," arsa **Thomas Student**, an comhrapóirtéir. Leis an gComhaontú Glas, tá CESE den tuairim gur cheart straitéis tionsclaíochta agus beartas trádála nua mar aon le beartas eacnamaíoch, rialála agus iomaíochta a chomhtháthú mar chuid d'iarracht chuimsitheach chun cabhrú leis an gcomhshaol, gan bagairt a dhéanamh ar an margadh aonair ná ar chuideachtaí ná poist Eorpacha san am céanna, agus gur cheart spriocanna comhshaoil diana a leagan síos d'earnáil na tionsclaíochta ina hiomláine; (ks )

# NEWS FROM THE GROUPS



## Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí feabhas ar na clásail choimirce talmhaíochta sna comhaontuithe trádála

**Le Grúpa na bhFostóirí in CESE**


**Le linn an tseisiúin iomlánaigh i mí Iúil glacadh tuairim féintionscnaimh maidir le bearta coimirce a thabhairt isteach do tháirgí talmhaíochta i gcomhaontuithe trádála an Aontais.**

Agus athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar bheartas trádála na hEorpa chugainn gan mhoill, leagadh béim sa tuairim seo ar thábhacht gheostraitéiseach tháirgeadh an bhia agus ar an ngá atá le hacmhainneacht táirgeachta gach tíre a chosaint, trí bheartais talmhaíochta agus trádála, atá oiriúnaithe chun na críche sin, a chur chun cinn, agus trádáil idirnáisiúnta eagraithe á háirithiú ag an am céanna chun déileáil le luaineachtaí táirgthe agus leis na heasnaimh shíoraí i limistéir gheografacha áirithe.

Dar leis an rapóirtéir, **Arnold Puech d'Alissac**, comhalta de Ghrúpa Fostóirí CESE, "de thoradh fhás an chumais TF sa lá atá inniu ann is féidir bearta i bhfad níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm anois. D'fhéadfadh na bearta sin a bheith tapa, uathoibríoch, comhréireach agus uileghabhálach, rud a chinnteodh go mbeadh ról acu i dtaca le hearnálacha a chosaint, ó tháirgeoirí go tomhaltóirí."

Ina theannta sin, chuir an rapóirtéir in iúl go láidir "gur deis atá ann freisin chun a cheart a thabhairt do choincheap na hinbhuanaitheachta sa chaibidlíocht trádála, ionas nach dtabharfar tosaíocht d'allmhairí saora faoi choinníollacha táirgthe nach bhfuil inbhuanaithe go leor, in ionad tús áite a thabhairt do tháirgí Eorpacha. I bhfianaise an Chomhaontaithe Ghlais, tá sé ríthábhachtach go mbeadh comhleanúnachas idir na beartais chomhshaoil, na beartais talmhaíochta agus na beartais trádála."

## Conas a rachadh sé i gcion ar an ngeilleagar dá gcinnteofaí íoschaighdeáin chomhchoiteanna le haghaidh sochair dhífhostaíochta ar fud na hEorpa?





**Le Grúpa na nOibrithe in CESE**

D'fhág paindéim an choróinvíris gur iompaíodh an ghéarchéim a bhí ag bagairt orainn ina cúlú eacnamaíoch iomlán, inar tháinig na laghduithe is mó ar OTI dár tharla in aimsir na síochána le céad bliain anuas, agus a chuir iallach ar na milliúin daoine dul ar iontaoibh scéimeanna éagsúla dífhostaíochta nó páirtaimseartha. In ainneoin an róil atá acu i dtaca leis an gcuid is mó den tionchar a mhaolú, tá ár gcórais shóisialta chomh neamh-ullmhaithe go ginearálta agus a bhí ár gcórais sláinte don phaindéim, ós rud é gur baineadh an bonn go mór díobh le blianta fada de dhéine ó bhí géarchéim 2008 ann.

Sa bhreis air sin, tá na bearta a cuireadh ar bun chun na hoibrithe agus a bpoist a chosaint míchothrom, agus is minic a bhíonn na hoibrithe is neamhbhuaine eisiata ó na scéimeanna cosanta traidisiúnta – cuir i gcás na hoibrithe a bhfuil conarthaí mar sheachadóirí nó "cineálacha nua oibre" acu.

Ní hé amháin go bhfuil córas na sochar dífhostaíochta ilroinnte laistigh de thíortha, ach tá sé ilroinnte eatarthu freisin: is mór iad na difríochtaí ó thaobh fad agus cumhdach sochar chomh maith le hathsholáthar - an sciar a fuarthas den tuarastal roimhe sin. Rinneadh anailís sa staidéar a choimisiúnaigh Grúpa na nOibrithe ar an gcaoi a rachadh sé i gcion ar an ngeilleagar ina iomláine san Aontas, agus i dtíortha aonair, dá mbeadh caighdeán comhchoiteann ag na córais dífhostaíochta i dtaca le cumhdach, fad agus athsholáthar, rud a chinnteodh íoschaighdeán comhchoiteann d'oibrithe san Eoraip. Trí leas a bhaint as samhaltú maicreacnamaíoch, rinneadh an hipitéis sin a thástáil i bhfianaise ghéarchéim 2008, timthriall buiséadach iomlán, agus, rud atá níos ábhartha faoi láthair, i bhfianaise shleabhcadh eacnamaíoch na paindéime.

Is ríléir ó na torthaí go mbeadh tionchar dearfach ar an ngeilleagar, agus níos dearfaí fós in úsáid in éineacht le beartais shóisialta eile, rud a chinnteodh cosaint post agus a sheachnódh cúlú eacnamaíoch eile. Beidh an staidéar iomlán agus sonraí ar fáil ag an nasc seo.




## Foilsíodh staidéar nua dar teideal “Teacht ar chomhdhearcadh nua maidir le luachanna na sochaí sibhialta san Eoraip agus a meastóireacht” arna choimisiúnú ag an nGrúpa “Éagsúlacht Eoraip” in CESE

**Leis an nGrúpa “Éagsúlacht Eoraip” in CESE**

**An bhfuil comhthuiscint ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ungáir agus sa Pholainn maidir le luachanna an daonlathais, an smacht reacht agus an dlúthpháirtíocht?**

**Sa staidéar nua dar teideal “*Teacht ar chomhdhearcadh nua maidir le luachanna na sochaí sibhialta san Eoraip agus a meastóireacht*” a rinne Ionad Beartais na hEorpa do CESE arna iarraidh sin don Ghrúpa “Éagsúlacht Eoraip” in CESE, léiríodh gur minic a bhíonn ESSanna ar aon intinn ina sainmhínithe ar na luachanna sin, fiú má bhíonn a léirmhínithe ar an dlúthpháirtíocht níos éagsúla ná a léirmhínithe ar an daonlathas agus ar an smacht reachta.**

Léiríodh sa staidéar freisin go n-aithníonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta an ról fíor-riachtanach atá ag an earnáil shibhialta i gcur chun cinn na luachanna sin. Mar sin féin, tá dúshláin éagsúla os comhair ESSanna agus an méid sin á dhéanamh acu, go háirithe i ndáil le rochtain shrianta ar chistiú, le hathrú teicneolaíoch agus ó ghlúin go glúin agus, thar aon ní eile, le timpeallachtaí polaitiúla neamhfhabhracha. Tá na rialtais agus an tsochaí shibhialta féin ag éirí níos achrannaí, níos polaitiúla agus níl siad chomh sásta teacht ar chomhréiteach agus a bhíothas, i ngach tír a ndearnadh staidéar orthu. Agus iad ag cur síos ar a gcás, a thuiscint ar luachanna agus an t-ionchas don todhchaí, níl dearcadh chomh dearfach céanna ag ESSanna sa Deisceart agus san Oirthear agus atá ag ESSanna san Iarthar.

De réir an staidéir, beidh comhar agus nuálaíocht ag teastáil ón tsochaí shibhialta agus ó na rialtais araon ar gach leibhéal, má tá ESSanna le bheith in ann leanúint de luachanna an Aontais Eorpaigh a chosaint.

An 2 Meán Fómhair, rinne **Arno Metzler**, Uachtarán an Ghrúpa “Éagsúlacht Eoraip” in CESE an staidéar a chur i láthair in éineacht le **Corina Stratulat**, Anailísí Sínsearach Beartais in EPC (Ionad Beartais na hEorpa), agus **Paul Butcher**, Anailísí Beartais in EPC, beirt as an bhfoireann údar a rinne an staidéar, le linn preasócáid chianda.

Tabhair cuairt ar leathanach gréasáin CESE le haghaidh tuilleadh eolais ar na tograí agus na moltaí atá sa staidéar ó na ESSanna féin agus ón bhfoireann taighde. Tá an staidéar agus a achoimre feidhmiúcháin chomh maith le preaseisiúint ghaolmhar ar fáil ar líne.


## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

# Contributors to this issue

Daniela Marangoni (dm)
David Gippini Fournier (dgf)
Jasmin Kloetzing (jk)
Katharina Radler (kr)
Katerina Serifi (ks)
Laura Lui (ll)
Marco Pezzani (mp)
Margarida Reis (mr)
Margarita Gavanas (mg)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

# Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

09/2020